The Property Registration Authority
An tÚdarás Clárúcháin Maoine

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018

"…..eagraíocht próiseasthiomáinte dírithe ar thorthaí, ar dheireadh a chur le cur amú agus le dúbláil, agus a chomhlíonann a feidhmeanna reachtúla go héifeachtach agus a thugann scothsheirbhís dár gcustaiméirí."

ÁR MISEAN

Frámaíocht dhlíthiúil, shochaíoch agus eacnamaíoch na húinéireachta maoine in Éirinn a chothú agus a chosaint.
Bainfear é seo amach ach córas iontaofa um chlárúchán teidil a chothú agus a shíneadh, rud a ráthaíonn cearta maoine agus a éascaíonn idirbhearta maoine.

Clár Ábhar

Ról an Údaráis Clárúcháin Maoine 2

Misean agus Luachanna 3

Baill an Údaráis 4

An Fhoireann Ardbhainistíochta 5

Réamhfhocal an Chathaoirligh 6

Dul chun cinn de réir Chuspóirí

Cuspóir 1: Clár Talún na hÉireann a chríochnú 10

Cuspóir 2: Mapáil Dhigiteach 11

Cuspóir 3: Cur le ríomhThíolacadh 12

Cuspóir 4: Creatlach Reachtach 13

Cuspóir 5: Seirbhís do Chustaiméirí a Choimeád agus a Fhorbairt 15

Cuspóir 6: Eagraíocht Fhreagrúil agus Solúbtha 22

Cuspóir 7: Rialachas Corparáideach 24

Cuspóir 8: Luach ar Airgead 27

Cuspóir 9: Dílárú 28

Cuspóir 10: Bainistíocht Fhoirgneamh 29

Tuarascáil Airgeadais – Achoimre 2010 30

Iniúchtaí Seachtracha 33

Tionscnaimh Idirnáisiúnta 34

Aguisíní 37

Teagmhálacha 52

Ról an tÚdarás Clárúcháin Maoine

Bunaíodh an tÚdarás Clárúcháin Maoine (ÚCM) ar an 4ú Samhain 2006. Is iad na príomhnithe a chuireann an ÚCM le geilleagar na hÉireann ná clárú teidil ar thalamh agus ráthaíocht urrúis a sholáthar dóibh sin a bhíonn ag déileáil le maoin.

Táimid tar éis riocht a bhaint amach anois mar a bhfuil os cionn 95% den achar iomlán talún, ar ionann é agus beagnach 88% de na teidil in Éirinn, cláraithe le Clárlann na Talún. Tá an córas a bhaineann le teidil a thaifeadadh, maidir leis na teidil atá fágtha, atá á fheidhmiú ag Clárlann na nGníomhas fós ag feidhmiú go héifeachtach, ach tá sé ag laghdú de réir a chéile agus i ndeireadh thiar is staraithe agus lucht na ginealach is mó a chuirfidh spéis ann.

Tá urrús teidil mar bhunchloch ag na seirbhísí a sholáthraíonn an ÚCM agus soláthraíonn na córais "Clárú Teidil" agus "Clárlann na nGníomhas", faoi mar atá sa chur síos thuas, taifead cuimsitheach i dteannta a chéile ar idirbhearta maoine.

Tar éis achtú an tAcht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006, tá an dá chóras faoi rialú ag an Údarás Clárúcháin Maoine. Tá cúram reachtúil ar an Údarás maidir le clár talún na hÉireann a chríochnú as a dtiocfadh córas amháin clárúcháin teidil ag tacú le polasaithe an Rialtais ar riarachán talún, ar a n-áirítear clárúchán leictreonach, tíolacadh leictreonach agus an Infrastruchtúr Sonraí Spásúlachta atá ag teacht chun cinn.

Is iad príomhfheidhmeanna an ÚCM ná:

1. Córas clárúcháin Teideal agus Gníomhas a sholáthar agus a choimeád de réir na reachtaíochta iomchuí
2. Clárú agus úinéireacht talún a chur chun cinn agus a leathnú
3. Déileáil le hiarratais faoi Chuid 3 den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh.2), 1978
4. An tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí a choimeád ar an eolas maidir le dul chun cinn ar chlárú agus úinéireacht talún agus cabhrú leis nó léi polasaí a fhorbairt maidir leis an gclárú sin
5. Seirbhísí iontaofa agus cuimsitheach faisnéise agus deimhniúcháin a sholáthar
6. Inmharthanacht airgeadais a choimeád.

Misean agus Luachanna

Is é is Misean don Údarás Clárúcháin Maoine ná:

Cur chun cinn agus cosaint a dhéanamh ar chreat dlíthiúil, sochaíoch agus eacnamaíoch d'úinéireacht mhaoine in Éirinn.

Bainfear seo amach trí chóras cuimsitheach agus iontaofa clárúcháin teidil a choimeád agus a mhéadú, a shocraíonn cearta maoine agus a éascaíonn idirbhearta maoine.

Déanann an ÚCM a ghnó de réir na luachanna seo a leanas:

SEIRBHÍS DÁR gCUSTAIMÉIRÍ

Tá an ÚCM tiomanta seirbhís den scoth a sholáthar dá chustaiméirí a bhfuil rochtain éasca uirthi trí bhealaí éagsúla.

LEAS AN PHOBAIL

Comhlíonann an ÚCM a fheidhmeanna de réir leasa an phobail ar bhealach oscailte agus trédhearcach.

TIOMANTAS DON FHOIREANN

Is mór leis an ÚCM tiomantas a fhoirne agus déantar iarracht tacú leo maidir le seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dá chustaiméirí agus le gairmréimeanna sásúla a fhorbairt laistigh den eagraíocht.

RIALACHAS AGUS LUACH AR AIRGEAD

Tá an ÚCM tiomanta do dhea-rialachas, d'ionracas agus dá ghnó a dhéanamh ar bhealach cost-éifeachtúil.

COMHAIRLIÚCHÁN

Bíonn an ÚCM gníomhach i gcomhairliúcháin lena pháirtithe leasmhara ar fhorbairt leanúnach agus soláthar a sheirbhísí.

95% den achar iomlán talún cláraithe le Clárlann na Talún

Baill an Údaráis Clárúcháin Maoine agus na Foirne Ardbhainistíochta ar an 31 Nollaig 2010

AN tÚDARÁS CLÁRÚCHÁIN MAOINE

John T. Coleman
(Cathaoirleach)

Iar-Uachtarán agus POF den Bose Corporation agus é faoi láthair ina bhall Boird de 4 eagraíocht.

Seamus Carroll

Príomhoifigeach sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ar oifigeach é ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Denis A. Byrne

Comhairleoir Cánach atá ag Cleachtadh.

Michael Edwards

Ball foirne den ÚCM agus Ionadaí na Foirne ar an Údarás.

Michael Kelly

Bainisteoir Polasaí Urrúis do Bhanc AIB plc agus é ina bhall de Choiste Dlíthiúil & Tíolacadh Chomhairle Morgáiste na hÉireann.

Peter Savage

Ball tofa de Chomhairle Contae Lú.

Paul McSweeney

POF den Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

Roderick Tyrrell

Aturnae Cleachtach.

Máire R. Whelan

Abhcóide Sínsearach agus Abhcóide Cleachtach, ainmnithe ag Comhairle Ghinearálta Abhcóidí na hÉireann.

Una Woods

Léachtóir, Scoil Dlí, Ollscoil Luimnigh.

THÁINIG DEIREADH LE TÉARMA OIFIGE NA MBALL SEO A LEANAS AR AN 3Ú SAMHAIN 2010

Emer Daly	**John Shaw**
Iarstiúrthóir Pleanála Straitéiseach agus Bainistíochta Riosca ag AXA Ireland.	Aturnae Cleachtach ainmnithe ag Dlí-Chumann na hÉireann.

Foireann Ardbhainistíochta ar an 31 Nollaig 2010

FOIREANN ARDBHAINISTÍOCHTA

Catherine Treacy
Príomhfheidhmeannach

Shay Arthur
Comhairleoir Léarscáilithe (a ceapadh i Meitheamh 2010)

Ray Duffy
Bainisteoir Seirbhísí Corparáideacha (a ceapadh i nDeireadh Fómhair 2010)

John Deeney
Leaschláraitheoir

Nuala Keaveney
Bainisteoir Acmhainní Daonna (a ceapadh i nDeireadh Fómhair 2010)

Brian Kelly
Leaschláraitheoir

Greg McDermott
Bainisteoir Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (a ceapadh i Meitheamh 2010)

James O'Boyle
Rialtóir Airgeadais

John O'Sullivan
Leaschláraitheoir (a ceapadh i mBealtaine 2010)

Frank Treacy
Leaschláraitheoir

CHUAIGH AR SCOR I RITH 2010:

Paul Brent
Comhairleoir Léarscáilithe

Diarmuid Clancy
Leaschláraitheoir

Fran Leahy
Bainisteoir Acmhainní Daonna

Michael Treacy
Bainisteoir Seirbhísí Corparáideacha

"Tá an ÚCM i riocht an-mhaith le freastal ar na dúshláin sa todhchaí. Tá mórnirt aige maidir le treo a leagan síos, cinnireacht a thabhairt agus tuiscint i bpáirt a chruthú ar a chuid straitéisí. Tá sé i riocht mhaith i dtéarmaí soláthar a dhéanamh ar sheirbhís mhaith do chustaiméirí agus tá léiriú déanta aige ar acmhainn suntasach i bhfeabhsúchán leanúnach agus in úsáid TFC, agus oscailteacht do struchtúir agus do chleachtais a sheasóidh leis san am atá le teacht."

JOHN T. COLEMAN
Cathaoirleach

Réamhfhocal ón gCathaoirleach ón Údarás Clárúcháin Maoine

Thar ceann an tÚdarás Clárúcháin Maoine (ÚCM), tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil 2010 a chur i láthair.

Bliain eile buacach don ÚCM ab ea 2010. Rinne an ÚCM dul chun cinn suntasacha eile maidir le seachadadh ceann dá phríomh mandáid reachtúla "cur chun cinn agus fairsingiú a dhéanamh ar chlárúchán úinéireachta talún". Shínigh an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí ordú, i Samhain 2010 ag fadú Céadchlárú Éigeantach go dtí na contaetha a bhí fágtha, Baile Átha Cliath agus Corcaigh, agus dá thoradh sin beidh na sé chontae fichead ar fad inchláraithe go héigeantach laistigh den chóras cláraithe teidil ó Mheitheamh 2011. Bua eile in 2010 ab ea críochnú, in am agus faoi bhuiséad, Tionscadal na Mapála Digití, ar lorg tréimhse feidhmiúcháin cúig bliana. Tá ÚCM sa dea-riocht anois go bhfuil ceann de na bunachair sonraí is mó in Éirinn ar mhaoin aige, ag tairiscint clár iomlán leictreonach náisiúnta clárúcháin maoine ar úinéireacht maoine agus ar an fhaisnéis a bhaineann le hábhar.

Tá an ÚCM tiomanta do sheachadadh na seirbhíse is éifeachtaí agus is éifeachtúla dár gcustaiméirí, mar thosaíocht, i gcaitheamh na bliana. Cuimsíonn an Tuarascáil Bhliantúil mioninsint ar leibhéal gníomhaíochta agus ar aga slánúcháin ar imeachtaí cásoibre in 2010. Is féidir an rath atá ar sheirbhís ar-líne an ÚCM, landdirect.ie a fheiceáil ó leibhéal úsáide na seirbhísí ó seoladh í in 2000. Creidim go léiríonn an úsáid seo caighdeán agus leibhéal na seirbhíse atá ar fáil anois ar-líne do chustaiméirí an ÚCM.

Tá an ÚCM tiomanta i gcónaí do na caighdeáin is airde rialachais chorparáide agus i ndeimhin a dhéanamh d'fheidhmiúchán na bprionsabal um luach ar airgead ar fud na heagraíochta.

Le deich mbliana nó mar sin anuas, tá mórbheart nua-aoisithe agus trasfhoirmithe déanta ar an ÚCM. Bhí seo ina ábhar ag athbhreithniú mioninsteach sa Dara Thuarascáil den Chlár Athbhreithnithe Eagríochtúil (CAO), a d'fhoilsigh Roinn an Taoisigh i nDeireadh Fómhair 2010. Is aidhm don phróiseas CAO soláthar a dhéanamh ar mheasúnúchán seachtrach agus oibiachtúil le deimhin a dhéanamh de go bhfuil Ranna agus Oifigí Rialtais "inniúil dá gcúram" i dtéarmaí na ndúshlán atá rompu. Maidir leis an ÚCM, d'admhaigh an tuarascáil na forbairtí suntasacha agus na gnóthachtalacha a bhain an eagraíocht amach le blianta beaga anuas agus deir sí:

> **"tá an ÚCM i riocht an-mhaith le freastal ar na dúshláin sa todhchaí. Tá mórnirt aige maidir le treo a leagan síos, cinnireacht a thabhairt agus tuiscint i bpáirt a**

chruthú ar a chuid straitéisí. Tá sé i riocht mhaith i dtéarmaí soláthar a dhéanamh ar sheirbhís mhaith do chustaiméirí agus tá léiriú déanta aige ar acmhainn suntasach i bhfeabhsúchán leanúnach agus in úsáid TFC, agus oscailteacht do struchtúir agus do chleachtais a sheasóidh leis san am atá le teacht".

Tá fianaise ar thiomantacht an ÚCM do r-Rialtas sa dul chun cinn atá á dhéanamh ina chlár r-Chlárúcháin agus bhí 2010 ina bliain eile ráthúil maidir leis seo. Tá breis is 60% de na cealaithe uile morgáiste á lóisteáil go leictreonach anois ar lorg seoladh rathmhar na seirbhíse r-Urscaoilte i Márta 2009. In Eanáir 2010, seoladh an dara seirbhís r-Chlárúcháin (Orduithe r-Mhuirir) i gcomhpháirt leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an FSS. Ceadaíonn an tseirbhís leictreonach don FSS iarratas leictreonach a dhéanamh ar chlárúchán Orduithe Muirir. Tá dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí, i gcomhairle lenár bpáirtithe leasmhara, leis na chéad chéimeanna eile de chlár r-Chlárúcháin an ÚCM idir seo agus deireadh 2012.

Fuair an ÚCM mórán dámhachtainí neamhspleácha le blianta beaga anuas agus níorbh aon eisceacht í 2010. Tá áthas orm a thuairisciú gur aithníodh rathúlacht r-Urscaoilte trína roghnaithe do dhá dhámhachtain mheasúla – Dámhachtain r-Rialtais an Public Sector Times agus Dámhachtain Sárseirbhíse an Taoisigh.

Tá dara tionscadal um dhílárú go Ros Comáin go maith faoi sheol chomh maith. Tá foireann aistrithe anois ón gcóiríocht shealadach i mbaile Ros Comáin go dtí an nuafhoirgneamh úrscothach ar Bhóthar an Mhachaire Gailf. D'oscail Mr Michael Finneran TD, a bhí ina Aire Tithíochta agus Seirbhísí Áitiúla sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an tráth sin an foirgneamh nua i bhFeabhra 2011.

Tá áthas orm a thuairisciú go bhfuair Plean Straitéiseach an ÚCM don tréimhse 2010-2012 faomhadh an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí in 2010. Mar a fheicfear ón tuarascáil seo, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an eagraíocht cheana féin maidir lena cuspóirí straitéiseacha a sheachadadh. Tá an ÚCM tiomanta do leanúint de sheachadadh na seirbhíse is éifeachtaí agus is éifeachtúla dár gcustaiméirí sna blianta atá le teacht. Is ann chomh maith do Phlean Gníomhaíochta an ÚCM do Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2011-2014 agus tá mórán de na tionscnaimh pleanáilte a sonraítear sa phlean go maith faoi sheol.

Agus an réamhfhocal seo á scríobh, bhí Catherine Treacy díreach dulta ar scor mar Phríomhfheidhmeannach agus táimid ag fánacht le ceapachán a comharba. Bhí Catherine ina Príomhfheidheannach ar an ÚCM ó bunaíodh é in 2006 agus, roimhe sin, bhí sí ina Príomhfheidheannach agus ina Cláraitheoir na nGníomhas agus na dTeideal ar feadh suim de bhlianta. Le linn a gairmréim fhada ghradamaí sa Seirbhís Phoiblí, agus mar cheannasaí

na heagraíochta seo, bhí ról lárnach ag Catherine i bhforbairt agus i bhfeabhsú seirbhísí ÚCM agus bhí rath ar aistriú na heagraíochta go dtí an pointe go dtig léi anois clár iomlán leictreonach náisiúnta clárúcháin maoine ar úinéireacht maoine agus ar an fhaisnéis a bhaineann le hábhar a thairiscint. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do Catherine as a cuid gairmiúlachta, tiomantais agus díograise don ÚCM agus guím gach rath uirthi as seo suas.

Ba mhaith liom chomh maith buíochas a ghabháil le Emer Daly agus John Shaw, go raibh a dtéarmaí mar bhaill den Údarás istigh i rith 2010, agus le baill reatha an Údaráis as a dtiomantacht agus as a gcuidiú leis an Údarás. Is mian liom freisin fáilte a chur roimh Paul McSweeney agus Denis Byrne a cheap an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí ar an Údarás in 2010.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chomh maith le buíochas a ghabháil le Bainisteoireacht agus le Foireann an ÚCM as a gcuid dian saothair agus as a dtiomantacht i rith 2010. Táim ag dréim lena dtacaíocht leanúnach, le tacaíocht an Phríomhfheidhmeannaigh nua agus le tacaíocht mo chomhbhall den Údarás agus aghaidh á tabhairt againn ar na dúshláin sna blianta atá romhainn.

Agus ar deireadh thiar, gabhaim buíochas leis an iar Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, Mr. Dermot Ahern, TD, a chuid tacaíochta i rith na bliana agus táim ag súil le bheith ag obair leis an Aire nuacheaptha Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Mr Alan Shatter TD sa todhchaí.



John T. Coleman

CHAIRPERSON

Dul chun cinn de réir na gcuspóirí a leagadh amach sa Phlean Straitéiseach 2010-2012

CUSPÓIR 1: Clár Talún na hÉireann a chríochnú

Críochnú Chlár Talún na hÉireann a chur chun cinn trí chur leis an gCéadchlárú Éigeantach (CFR) agus stop a chur le fás na dteideal neamhchláraithe.

Lean an ÚCM leis na straitéisí agus na roghanna a bhí ar fáil dó a chur i bhfeidhm agus le cur le clárú éigeantach úinéireachta talún. Is sainordú ar leith ag an ÚCM é an clár a chríochnú. Leantar le dul chun cinn suntasach a dhéanamh ina thaobh seo:

- Ar an 2ú Samhain 2010 rinne an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí ordú síneadh a dhéanamh ar Chéadchlárú Éigeantach chuig contaetha Chorcaí agus Bhaile Átha Cliath (I.R. 516 de 2010). Mar thoradh ar sin, ón 1ú Meitheamh 2011, sínfidh Céadchlárú Éigeantach chuig gach ceann de na 26 contae. Is é tionchar an ordaithe seo go dtionscnófar céadchlárú éigeantach i gClárlann na Talún ón 1ú Meitheamh 2011, ar aon mhaoin neamhchláraithe. Cuirfidh an mhórfhorbairt seo breis luais le críochnú an chláir talún in Éirinn go háirithe nuair a thagann borradh ar ghníomhaíocht sa mhargadh maoine.
- Bunaíodh Grúpa Oibre le hathbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe reatha agus le moltaí a dhéanamh ar phróiseáil chásanna sa todhchaí ar ghá a dteideal a scrúdú. Chuir an Grúpa Oibre a dtuarascáil faoi bhráid na Foirne Ardbhainistíochta (SMT) i mí na Nollag 2010. Mhol Tuarascáil an Ghrúpa Oibre go mbunófaí Foirne Ilréimsiúla Imscrúdaithe (Foirne ECF) in oifigí Bhaile Átha Cliath, Phort Láirge agus Ros Comáin, mar a mbeadh foireann ag gach leibhéal ó Oifigeach Cléireachais ar aghaidh agus Scrúdaitheoir nó Príomh-Scrúdaitheoir na dTeideal os a gcionn. Ba í an bhunaidhm a bhí le Foirne ECF a bhunú ná acmhainn a sholáthar le próiseáil a dhéanamh ar an méadú a bhfuiltear ag súil leis ar líon na n-iarratas ar chéad chlárú ar chostas aonaid níos ísle.
- Leantar le leibhéal deimhnithe dílseacháin i réimsí céadchláraithe éigeantach a choimeád in ainneoin laghdú ar fud na tíre ar idirbhearta díolacháin. Ba é ba mhó ba chúis leis seo a fheabhas a d'éirigh le clár "for-rochtana" ag úsáid saineolais na foirne gairmiúil i gClárlann na Talún le faisnéis chuimsitheach ar líne ag tacú leo.

Is féidir an fás leanúnach ar Chlárlann na Talún, mar thoradh ar an gclár CFR agus an fhoroinnt ar an teidil chláraithe atá ann, a fheiceáil ó líon iomlán na bhfóilió ag deireadh gach ceann de na cúig bliana seo caite.

2006	2007	2008	2009	2010
1,770,223	1,808,552	1,849,388	1,908,843	1,968,024

CUSPÓIR 2: Mapáil Dhigiteach

Éascú a dhéanamh ar thionscnaimh ríomh-Thíolactha agus ríomh-Chlárúcháin trí fheidhmiú céimneach Thionscadal na Mapála Digití a chur chun cinn, d'fhonn coinbheartú iomlán a bhaint amach ar gach dáileacht cláraithe talún faoi 2010.

Críochnaíodh digitiú ar an gclár talún i Lúnasa 2010. Ba shuntasach an gníomh é, agus tá an ÚCM ag tairiscint an chéad bhunachar cuimsitheach sonraí ar líne dá gcustaiméirí ar fhaisnéis a bhaineann le talamh ina bhfuil 2.8 milliún dáileacht talún ina bhfuil os cionn 15 milliún teorainn i gceist leo.

Tá a bhfuil ar fáil in Éirinn anois inchurtha leis an "scoth" go hidirnáisiúnta agus tugann luach feabhsaithe an bhunachair sonraí seo deiseanna lasmuigh den úsáid thraidisiúnta. Is cumasóir cumhachtach freisin é an bunachar sonraí gnéshaibhir seo, a sholáthraíonn seirbhís an-fheabhsaithe dár gcustaiméirí, maidir le héascú a dhéanamh ar an gcabhair a thugann an ÚCM d'eagraíochtaí eile le polasaí an Rialtais agus dualgais an Stáit faoi dhlí an AE a sheachadadh, ar bhealach a thugann luach ar airgead.

Tá an t-aistriú seo ó pháipéar go dtí clár náisiúnta úinéireachta maoine atá go hiomlán leictreonach, a sholáthraíonn faisnéis téacsúil, geografach agus innéacsaithe tar éis an bealach a réiteach do thuilleadh forbairtí sna réimsí ríomhchlárúcháin agus ríomh-thíolactha agus tacóidh sé le tuilleadh comhtháithithe ar sheirbhísí a bhaineann le maoin sna blianta atá romhainn.

Mapa digiteach forleagtha le hortafóta

CUSPÓIR 3: Cur le Ríomh-Thíolacadh

Cur leis an gclár náisiúnta ríomh-Thíolactha trí ullmhú do, agus tosú ar fheidhmiú céimneach an chláir leictreonaigh do Chlárú Teidil (ríomhChlárúchán).

I dtacaíocht le polasaí an Rialtais, leanann an ÚCM ag obair go gníomhach ar fheidhmiú céimneach na dtionscnamh ríomhchlárúcháin.

Ba é r-Urscaoilte an chéad eilimint inláimhsithe den ríomh-Thíolacadh in Éirinn. Cuireann an córas seo ar chumas na bpríomhinstitiúidí a iarraidh go gcuirfí muirir chláraithe ar ceal go leictreonach gan aon ghá le haon pháipéar a chur chuig an ÚCM. Déantar os cionn 60% de gach urscaoileadh a lóisteáil go leictreonach trí r-Urscaoilte le os cionn 35,000 iarratas lóisteáilte ó seoladh an tseirbhís. I 2010, lóisteáladh 26,175 iarratas ar fad.

I mí Eanáir 2010 sheol an ÚCM a dhara seirbhís ríomhChlárúcháin, ríomhOrduithe Muirir. Ceadaíonn seo d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cur isteach go leictreonach ar Orduithe Muirir mar a mbíonn Tacaíocht Choimhdeach Stáit eisithe faoi Scéim Tacaíochta na dTeach Altranais, ar fearr eolas air mar 'A Fair Deal'. D'éirigh go maith leis seo freisin agus thug sé muinín agus fuinneamh le dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile de ríomhChlárúchán.

Ba é ba chúis leis an rath a bhí ar na tionscadail seo ná an cur chuige comhoibríoch a glacadh mar ar oibrigh an ÚCM agus comhlachtaí eile leasmhara mar Dhlí-Chumann na hÉireann, Comhairle Morgáiste na hÉireann, na Coimisinéirí Ioncaim agus an FSS i dteannta a chéile leis na seirbhísí seo a fhorbairt.

Tugadh Bord an Tionscadail ríomhChlárúcháin le chéile don chéad chéim eile de chlár ríomhChlárúcháin an ÚCM. Tá ionadaithe ar an mBord ó Dhlí-Chumann na hÈireann, Cónaidhm Bhaincéireachta na hÉireann, na Coimisinéirí Ioncaim, an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, an tSeirbhís Chúirteanna agus an Phríomh-Oifig Staidrimh, chomh maith le baill d'fhoireann an ÚCM.

Do 2011, tá an ÚCM tiomanta clár fairsing comhairliúcháin a chur ar bun leis na páirtithe leasmhara d'fhonn forbairt a dhéanamh ar shonraíochtaí do chóras a chuirfidh feabhas ar an bpróiseas clárúcháin atá ann i dtéarmaí éifeachtúlachta, críochnúlachta agus trédhearcachta. Tá forbairt seirbhísí ríomhChlárúcháin, le fócas ar aistriú úinéireachta (ríomhAistriú) agus morgáistí a chlárú go leictreonach (ríomh-mhuirir), bunúsach d'aon chóras ríomh-Thíolactha sa todhchaí.

CUSPÓIR 4: Creatlach Reachtach

A chinntiú go mbíonn forálacha iomchuí reachtacha agus Treoracha Cleachtais ann leis na cuspóirí a bhaint amach.

TREORACHA CLEACHTAIS NUA AGUS ATHBHREITHNITHE IN 2010

Tá mórimpleachtaí ag an Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, a tháinig i bhfeidhm ar an 1ú Nollaig 2009, don dá Chlárlann. Rinne sé leasú substaintiúil ar An tAcht um Chlárú Teidil, 1964 agus rinne sé aisghairm ar a lán Reachtanna a déanadh roimh 1922. Tugadh mórathruithe isteach ar fud réimse an dlí talún agus tíolactha. Ar na príomhréimsí a raibh tionchar orthu bhí:

- Úinéireacht talún;
- Leasa sa todhchaí;
- Iontaobhais;
- Cumhachtaí;
- Comhúinéireacht;
- Cearta comhghabhálacha;
- Teideal;
- Feidhmiú agus ábhar na ngníomhas;
- Morgáistí;
- Morgáistí Breithiúnais;
- Lis Pendens.

Déanadh athbhreithniú ar na Treoracha Cleachtais go léir, i gcomhairle leis an nGrúpa Oibre ar Rialacha agus Treoracha Cleachtais, agus ba ghá leasú a dhéanamh ar 23 acu, cuid acu sin mór. Athfhoilsíodh na Treoracha Cleachtais leasaithe seo go luath in 2010.

Foilsíodh dhá Threoir Cleachtais nua, arís tar éis dul i gcomhairle leis an nGrúpa Oibre:

- Orduithe Muirir faoin Acht um Scéim Tacaíochta na dTeach Altranais 2009 (a foilsíodh i mí Iúil 2010);
- Cleachtas Léarscáilithe (a foilsíodh i Samhain 2010).

FÓGRAÍ OIFIGE DLÍ

Foilsíodh 9 Fhógra Oifige Dlí nua ar shuíomh gréasáin an ÚCM www.prai.ie in 2010.

RIALACHA DAINGNITHE

Le blianta beaga anuas tá luas curtha faoi athchóiriú an dlí talún agus tíolactha, go háirithe achtú An tAcht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006 agus An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009. Cuireadh teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide i bhfeidhm freisin sa phróiseas cláraithe teidil le digitiú á dhéanamh dá réir ar na clárlanna talún agus na léarscáileanna clárlainne. Mar thoradh ar na forbairtí seo ba ghá sraith Rialacha eatramhacha Cláraithe Talún a dhéanamh le déileáil le ceisteanna práinneacha agus le bonn láidir dlíthiúil a sholáthar d'fheidhmiú na leasuithe riachtanacha. Moltar go ndéantar athbhreithniú agus daingniú ar na rialacha sin atá faoi láthair sna Rialacha de 1972, 1975, 1977, 1981, 1986, 2000, 2005, 2006, 2007, 2008, 2009 (2).

Tá luas curtha faoi athchóiriú an dlí talún agus tíolactha

Tá an Coiste Rialacha um Chlárú Gníomhas agus Teideal curtha ar an eolas ar an dul chun cinn maidir le dréachtú Rialacha agus Foirmeacha um Chlárú Talún nua agus daingnithe, agus táthar ag féachaint ar dhréacht iomlán oibre. Tá roinnt ceisteanna fágtha faoin SMT a ullmhóidh dréacht athcheartaithe in am cuí d'fhonn gur féidir na Rialacha nua a mheas agus a ullmhú le foilsiú níos déanaí in 2011.

Cuspóir 5: Seirbhís do Chustaiméirí a Choimeád agus a Fhorbairt

Réamh-mheas agus freastal ar ionchais an chustaiméara agus ar éileamh an mhargaidh atá ag teacht chun cinn.

CLÁRÚ TALÚN

CLÁRÚCHÁN

Is é an cás go ginearálta i réimse cláraithe talún go hidirnáisiúnta go ndéantar leibhéal na gníomhaíochta bliantúil a thomhas trí thagairt a dhéanamh do líon na n-athruithe ar an gClár. Is féidir go n-áireofaí in iarratas mar sin líon na n-idirbheart a chruthaíonn ilathruithe ar an gclár; mar shampla, is féidir go n-áireofaí in iarratas aistriú úinéireachta, muirear nua agus cealú ar an muirear reatha rud a chruthódh a lán athruithe. Dá réir, ag teacht leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr, agus le comparáid cheart a éascú le dlínsí eile, glacann an ÚCM anois leis an gcoinbhinsiún agus leis an gcur chuige breise maidir le tuairisciú ar ghníomhaíocht chásoibre.

Ba é 575,019 líon iomlán na bhfíorathruithe ar an gclár talún i rith 2010.

OBAIR AR LÁIMH

Leanadh le réiteach leanúnach ar chásanna ar láimh i gClárlann na Talún i rith na bliana. Ag deireadh 2010 bhí timpeall 140,000 cás ar láimh i gcomparáid leis an bhfarasbarr de178,306 cás ar láimh ag deireadh 2009, ar laghdú 32% é.

Baineadh an laghdú suntasach seo i líon na gcásanna ar láimh amach trí phróiseas leanúnach de chleachtais bharrfheabhsaithe oibre le cur chuige sonraithe maidir le tosaíocht a thabhairt do chásobair. Ba thoisc an-suntasach é comhoibriú foirne an Údaráis maidir leis na leibhéil táirgiúlachta a baineadh amach.

PRÓISEÁIL CHÁSOIBRE

In éineacht leis an gclár réitigh chásoibre, tá dul chun cinn substaintiúil déanta maidir le 'haga aischasta' a laghdú. Mar shampla, i rith 2010:

(a) Críochnaíodh gach iarratas leictreonach (r-Urscaoilte mhorgáistí agus ríomh-mhuirir Tí Altranais) laistigh de 2 lá.

(b) Críochnaítear 75% de chásanna príomhshrutha, in ord do chlárú laistigh de 10 lá oibre

(c) Eisítear 80% de na hlarratais ar Chóip d'Fhóilió agus Plean Teidil a fhaightear go leictreonach, laistigh de 24 uair an chloig ó fhaightear an t-iarratas.

DEIMHNIÚ AGUS CUARDACH

Mar chuid de sholáthar a seirbhísí leictreonacha, ar a n-áirítear an t-aistriú ó pháipéar go dtí clár náisiúnta úinéireachta atá go hiomlán leictreonach agus bunachar sonraí cuimsitheach ar líne ar fhaisnéis a bhaineann le talamh, tá an ÚCM tar éis ríomhlann den scoth faisnéise agus seirbhísí clárúcháin ar líne a fhorbairt. Tá siad seo ar fáil ar an Idirlíon tríd an tseirbhís landdirect.ie. I rith 2010, déanadh beagnach 2.5 milliún idirbheart cuardaigh agus deimhniúcháin a phróiseáil trí thairseach landdirect.ie.

CLÁRÚ GNÍOMHAS

Ba é líon na n-iarratas a taifeadadh i gClárlann na nGníomhas i rith 2010 ná 49,400 ar laghdú 28% é ar fhigiúr 2009. Níl aon riaráiste cásoibre i gClárlann na nGníomhas.

Baineadh amach gach spriocdháta soláthair seirbhíse a leagadh amach i gCairt Chustaiméirí Chlárlann na nGníomhas amach i rith 2010. Mar shampla:

- Críochnaíodh clárúcháin laistigh de 5 lá
- Críochnaíodh Morgáistí urscaoilte faoi shéala an iasachtóra/Sásaimh laistigh de 5 lá
- Críochnaíodh Cuardaigh Oifigiúla laistigh de 3 lá
- Eisíodh Cóip de Mheabhracháin laistigh de 5 lá

IARRATAIS BHUNCHÍOSANNA

Feidhmíonn an tÚdarás Clárúcháin Maoine an Scéim Ceannaithe Bunchíosanna faoin Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh.2) 1978 faoinar féidir le húinéirí maoine léasach a mBunchíos a cheannach (leas ruílse). Thosaigh an scéim seo i 1978 agus ó shin i leith tá 84,301 iarratasóir tar éis a mbunchíosanna a cheannach agus tá feo simplí a dtithe cónaithe faighte acu faoin scéim dílsithe deimhnithe.

D'fheidhmigh an ÚCM an scéim seo go rathúil i 2010, bliain inar tháinig laghdú 17% ar iarratais toilithe (449 in ionad 539), le haschur a leithéid de chásanna síos 19% ar 2009 (496 in ionad 612). Tharla laghdú 12% i rith na bliana ó 683 go dtí 601 ar iontógáil iarratas eadrána agus laghdú 34% ar aschur ó 872 go dtí 575. Coimeádadh an t-aga aischasta do chásanna dá leithéid le 180 cás nua ar feitheamh le haire an Eadránaí ag deireadh 2010. Tá 897 cás eadrána agus toilithe ar feitheamh a bhfuil 613 acu á gceistiú.

Íocadh €136,344 d'iarratasóirí in 2010 maidir le hairgead ceannaigh i gcomparáid le €195,634 in 2009.

Léirítear sonraí de ghníomhaíocht 2010 agus figiúirí comparáideacha do 2008, 2009 agus 2010 sa tábla ag Aguisín 5.

I rith 2010, chuaigh an tEadránaí Bunchíosanna ar scor ón ÚCM agus níor cuireadh aon duine ina ionad.

Ag an 31 Nollaig 2010 ba é an t-iarmhéid sa Chuntas Airgid Cheannaigh a coimeádadh i mBanc Ceannais na hÉireann faoi ordú an Aire Airgeadais ná €4,030,793.59.

SEIRBHÍSÍ LEICTREONACHA

Tugtar imlíne sa tábla seo a leanas ar líon na síntiúsóir agus leibhéal úsáide seirbhísí ar líne ag taispeáint an fháis ón gcéad bhliain iomlán seirbhíse in 2000. Soláthraítear na seirbhísí seo trí www.landdirect.ie.

Bliain	2000		2007	2008	2009	2010
Líon na n-úsáideoirí gairmiúla	1,700		12,741	13,872	14,837	15,775
Líon na n-idirbheart ar líne*	0.2 milliún		2.3 milliún	2.5 milliún	2.6 milliún	2.5 milliún

In 2010, áiríodh san úsáid fhoriomlán 1,240,576 idirbheart ag úsáid Mapa Digitigh, in éineacht le 223,667 idirbheart ar líne a bhain le Clárlann na nGníomhas a bhí ar fáil trí landdirect.ie den chéad uair i mí Eanáir 2010.

Leanann an úsáid atá á bhaint as príomh-shuíomh gréasáin an ÚCM www.prai.ie ag fás mar mheicníocht luachmhar cumarsáide agus mar thairseach faisnéise dár gcustaiméirí go landdirect.ie. Is féidir luach na seirbhíse seo dár gcustaiméirí a thomhas le leibhéal na húsáide a bhaintear as.

In 2010 tugadh beagnach 1.5 cuairt ar an suíomh gréasáin le 2.8 amharc leathanaigh. Den 2.8 milliún amharc leathanaigh:

- Lean os cionn 1 milliún cuairteoir le rochtain a fháil ar leathanach baile landdirect.ie
- Fuarthas rochtain ar leathanach na bhFoirmeacha, a sholáthraíonn foirmeacha iarratais do sheirbhísí, os cionn 78,000 uaire
- Fuarthas rochtain ar leathanach Sheirbhísí Chlárlann na Talún ar níos mó ná 63,000 ócáid
- Fuarthas rochtain ar rannán Seirbhísí Chlárlann na nGníomhas os cionn 56,000 uair
- Chuaigh 424,125 cuairteoir nua chuig an suíomh.

In 2010, déanadh nuashonrú ar an suíomh gréasáin www.prai.ie agus seoladh an suíomh nua i mí Lúnasa.

SPRIOCANNA SOLÁTHAIR SEIRBHÍSE

Clárlann na Talún

Tá an sprioc d'eisiúint phleananna cóip dheimhnithe d'fhóilió/teideal trí landdirect.ie socraithe ag 80% a bheith eisithe laistigh de 1 lá oibre. Baineadh an sprioc seo amach i rith 2010 agus uaireanta chuathas thairis.

Baineadh an sprioc do Chuardaigh Oifigiúla Léarscála amach i dtréimhsí áirithe i rith 2010 le 70% de na cuardaigh críochnaithe laistigh de 5 lá thar an mbliain iomlán.

Baineadh an sprioc infhaighteachta uimhreacha tagartha d'iarratais a cuireadh tríd an bpost nó ag cuntair phoiblí, amach i rith 2010. Bhí uimhreacha tagartha na n-iarratas ar fáil trí landdirect.ie laistigh de 1.1 lá i ndiaidh lóisteála. Nuair a déanadh an t-iarratas ag úsáid áis ríomhFhoirme 17 (timpeall 55% de na hiarratais uile) bhí an uimhir thagartha ar fáil ar an bpointe.

Clárlann na nGníomhas

Baineadh amach gach sprioc soláthair seirbhíse a leagadh amach i gCairt Chustaiméirí Chlárlann na nGníomhas i rith 2010. Dá réir sin:

- Críochnaíodh clárúcháin laistigh de 5 lá
- Críochnaíodh Morgáistí urscaoilte faoi shéala an iasachtóra/Sásaimh laistigh de 5 lá
- Críochnaíodh Cuardaigh Oifigiúla laistigh de 3 lá
- Eisíodh Cóip de Mheabhracháin laistigh de 5 lá

AONAD EOLAIS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Soláthraíonn an tAonad Eolais an chéad phointe teagmhála do Chustaiméirí a dhéanann teagmháil teileafóin leis an oifig. Tá oiliúint curtha ar fhoireann an Aonaid le seirbhís fhreagrúil agus díreach a sholáthar dár gcustaiméirí, chomh fada agus is féidir é, a bhfuil ceisteanna acu, gan aon ghá na glaonna a aistriú ar aghaidh chuig ball eile d'fhoireann an ÚCM. Is léir go gcaithfear roinnt ceisteanna, a fhéadfadh a bheith níos casta nó sonrach do chás, a aistriú chuig ball eile den fhoireann le scileanna nó taithí níos sainiúla i gcásobair ar leith, ach déantar déileáil le níos mó ná 75% de na glaonna go díreach ag an Aonad Eolais.

Feidhmíonn an tAonad Eolais idir na huaireanta 9am agus 5pm. In 2010, láimhseáil an tAonad timpeall 120,000 glao agus is ionann sin agus beagnach 600 glao in aghaidh an lae. Ceadaíonn an toirt shubstaintiúil oibre seo don fhoireann táirgeachta cásoibre atá i mbun oibre clárúcháin agus mapála díriú ar a réimsí sonracha gníomhaíochta, ag uasmhéadú táirgiúlachta dá réir agus ag baint spriocanna agus caighdeáin amach do chríochnú cásoibre.

GRÚPA FÓCAS CUSTAIMÉARA

Lean an fóram seo ag teacht le chéile i rith 2010. Sholáthair na cruinnithe seo deis leanúnach comhairliúcháin ar réimse ceisteanna agus do scaipeadh eolais ar aon athruithe a bhí beartaithe nó á dtabhairt isteach.

SEIMINEÁIR

Réimse gníomhaíochta ar tháinig fás air le blianta beaga anuas is ea rannpháirtíocht ó fhoireann an ÚCM in eagrú seimineár, comhdhálacha agus cúrsaí oiliúna do ghrúpaí de phríomhpháirtithe leasmhara. Bhí oifigigh ón ÚCM rannpháirteach i, agus rinne siad láithreoireachtaí ar réimse ábhar ag roinnt seimineár agus cúrsa oiliúna do dhlíodóirí agus do chustaiméirí eile i rith 2010. Áiríodh orthu seo:

Céad Chlárú

- Comhlachais Bharra: An Cabhán, Gaillimh, Cill Dara, Maigh Eo, Muineachán, An Muileann gCearr, An Longfort

An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009

- Comhlachais Bharra: An Cabhán, An Clár, Corcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Cill Dara, Maigh Eo, Lár Tíre, Muineachán, An Longfort, Iarthar Chorcaí

landdirect.ie

- Comhlachais Bharra: An Cabhán, Caisleán an Bharraigh, Corcaigh, Inis, An Longfort, An Muileann gCearr, Iarthar Chorcaí

ríomhChlárú/ríomhUrscaoilte

- Comhlachais Bharra: An Cabhán, Caisleán an Bharraigh, Corcaigh, Inis, An Longfort, An Muileann gCearr, Iarthar Chorcaí
- Matheson Ormsby Prentice Solicitors
- Cónaidhm Bhaincéireachta na hÉireann

Mapáil Dhigiteach agus forbairtí eile suntasacha

- Comhlachais Bharra: An Cabhán, Corcaigh, Maigh Eo, An Longfort, Maigh Eo, Muineachán, An Iarmhí/Uíbh Fhailí
- Grúpa Custaiméirí IMGS
- Mic léinn Geomaitice DIT
- Mic léinn Geomaitice agus Cianbhraiteachta UCC
- Comhairle Contae Chiarraí
- Comhairle Contae Chill Dara
- Comhairle Contae Phort Láirge
- Comhairle Contae Chill Mhantáin
- Cumann na Suirbhéirí Cairte
- Coiste Tíolactha an Dlí-Chumainn
- An Roinn Cumarsáide
- An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil

CUAIRTEOIRÍ CHUIG AN ÚCM

Rinne an ÚCM óstáil ar chruinnithe agus chuir fáilte roimh dhaoine aonair agus toscairí ó réimse eagraíochtaí cláraithe talún agus eagraíochtaí bainteach leo le blianta beaga anuas. I measc na gcuairteoirí ar cuireadh fáilte rompu in ár n-oifigí in 2010 bhí toscaireacht ó rialtas na hÉigipte sa Mheitheamh.

AN tSEACHTAIN OIDHREACHTA NÁISIÚNTA

Bhí Clárlann na nGníomhas rannpháirteach sa tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta den chéad uair in 2010. Eagraíodh deich dturas idir an Luan 23ú agus an Aoine 27ú Lúnasa. D'fhreastal gach turas ar 10-12 duine agus bhí ró-éilimh orthu ar fad. Thosaigh an turas le stair ghearr den fhoirgneamh álainn a dhear Gandon, ag díriú ar chuid dá ghnéithe sainiúla.

Soláthraíodh achoimre freisin den phróiseas clárúcháin agus bhí bailiúchán Chlárlann na nGníomhas de cháipéisí tábhachta stairiúla ar taispeáint. Áiríodh sa turas freisin léiriú ar thaifid inspéise ginealais, idir thaifid an-sean go dtí ríomhairiú an lae inniu. D'éirigh thar barr le gach ceann den deich dturas agus tá sé ar intinn ag an gClárlann a bheith rannpháirteach arís i mbliana.

INROCHTAINEACHT

Déanann an ÚCM gach iarracht áiseanna agus seirbhísí a sholáthar a bhfuil rochtain ag a chustaiméirí ar fad orthu. Soláthraítear sonraí teagmhála d'Oifigigh Rochtana ar ár suíomh gréasáin i dtreo is gur féidir le duine ar bith atá faoi mhíchumas leas a bhaint as cúnamh le rochtain a fháil ar ár seirbhísí nó le freastal ar ár n-oifigí.

In 2010 bhí an ÚCM rannpháirteach sa scéim Job Shadow agus sa chlár Willing, Able and Mentoring (WAM), a bhfuil sonraí orthu tugtha sa chéad rannán eile den tuarascáil seo.

SEIRBHÍS TRÍ GHAEILGE

Críochnaíodh 19 iarratas ar chlárú i nGaeilge in 2010.

In Aibreán 2010 rinne Oifig An Choimisinéara Teanga athbhreithniú ar Scéim Gaeilge an ÚCM 2007-2010. Ba í conclúid a dtuarascála ná gur baineadh amach na tiomantais éagsúla a leagadh amach sa scéim laistigh den aga a bhí aontaithe agus gur chuir an ÚCM an scéim i bhfeidhm go sásúil.

In 2010 lorgaíodh aighneachtaí ón bhfoireann agus ón bpobal don dara Scéim Gaeilge a ndéanfar dréachtú agus foilsiú uirthi in 2011.

Bhí Clárlann na nGníomhas rannpháirteach sa tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta

CUSPÓIR 6: Eagraíocht Fhreagrúil agus Solúbtha

Eagraíocht fhreagrúil agus solúbtha a choimeád a bhfuil acmhainn inti freastal ar shainorduithe eagraíochtúla.

Tá torthaí agus Pleananna Gníomhaíochta leantacha sa *Dara Tuarascáil den Chlár Athbhreithnithe Eagraíochtúil* (ORP), a bunaíodh in 2010, maidir leis an ÚCM, An Roinn Sláinte agus Leanaí, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Phríomh-Oifig Staidrimh. Rinne foireann ón taobh amuigh athbhreithniú ar gach eagraíocht ar leith thar ceann Roinn an Taoisigh. Is í aidhm an phróisis CAO a chinntiú go mbíonn Ranna agus Oifigí Rialtais oiriúnach don fheidhm i dtéarmaí na ndúshlán atá rompu.

Maidir leis an ÚCM, déantar tagairt sa tuarascáil do na forbairtí suntasacha agus do na nithe a bhain an eagraíocht amach le blianta beaga anuas agus dúradh mar chonclúid *"go bhfuil an ÚCM i ndea-riocht le freastal ar dhúshláin sa todhchaí. Tá buanna ollmhóra aige maidir le treo a leagan síos, ceannaireacht a thabhairt agus comhthuiscintí ar a straitéisí a chruthú. Tá sé i ndea-riocht maidir le seirbhís mhaith a sholáthar do chustaiméirí agus tá acmhainn suntasach léirithe aige maidir le feabhsú leanúnach agus úsáid TFC, agus oscailteacht maidir le struchtúir agus cleachtais nua a chabhróidh go mór leis sa todhchaí"*. Mhol an Grúpa Athbhreithnithe go gcuirfí feabhas ar na struchtúir caidrimh inmheánacha d'fhonn tuilleadh feabhais a chur ar chumas an ÚCM freastal ar dhúshláin an todhchaí. Glacadh leis an moladh seo agus leagann an Plean Gníomhaíochta amach na céimeanna iomchuí chuige seo.

Ar an 31ú Nollaig 2010 bhí 586 post san Údarás Clárúcháin Maoine líonta ag foireann iomlán de 637. Is laghdú beagnach 6% é seo ar líon iomlán na foirne a bhí ag obair ag deireadh 2009. Tá an laghdú seo ag teacht leis an sprioc atá le baint amach don líon foirne (604 post) trí fheidhmiú na gCreat Rialaithe Fostaíochta (CRF) mar chuid de Phlean Téarnaimh Náisiúnta ceithre bliana an Rialtais. Leis na srianta seo ar an bhfoireann ba é an dúshlán a bhí ann do 2010 ná líon na foirne a laghdú, ainneoin an gá dul i ngleic leis an gclár díláraithe do Ros Comáin, agus a chinntiú ag an am gcéanna go soláthraítear seirbhís fhiúntach agus éifeachtach dár gcustaiméirí.

I gcaitheamh 2010, chuaigh 22 oifigeach ar scor ón ÚCM ar a n-áirítear 6 oifigeach a bhain leas as an Scéim Dreasaithe do Luathscor (SDL). Ba bhaill den Fhoireann Ardbhainistíochta iad ceathrar de na hoifigigh seo.

I rith 2010, sannadh 7 den fhoireann chuig an Údarás Clárúcháin Maoine do dhílárú chuig Ros Comáin tríd an Lárshaoráid Iarratas (LI) a fheidhmíonn an tSeirbhís um Cheapacháin

Phoiblí (SCP). D'aistrigh 9 oifigeach amach as an Údarás Clárúcháin Maoine faoi dhílárú agus d'aistrigh 13 oifigeach eile go dtí ranna eile ar bhonn deonach.

Tá 76 d'fhoireann an ÚCM (69.4 post) ag freastal in oifig Ros Comáin faoi láthair, i gcomparáid le 85 ag deireadh 2008 agus 72 ag deireadh 2009. Tharla an laghdú ar líon na foirne i Ros Comáin den chuid is mó de bharr aistriú foirne chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí.

In éineacht leis an laghdú ar uimhreacha atá leagtha amach thuas níor déanadh aon earcú le folúntais a líonadh a chruthaigh an fhoireann a bhain leas as Scéim na Bliana Oibre níos Giorra i 2010 arbh ionann é agus 565 seachtain saoire gan phá. Is ionann seo agus timpeall 11 ball foirne.

Bhí an méid teoranta ragoibre sa ÚCM i rith 2010 dírithe go hiomlán ar sheirbhísí riachtanacha.

D'fhág 49 den fhoireann an eagraíocht i rith 2010.

Bhain 170 den fhoireann leas as an rogha comhroinnte oibre in 2010 ar ionann é agus 119 post (20.3% de na poist ar fad).

Lean an ÚCM le réimse leathan socruithe solúbtha oibre a thairiscint don fhoireann, ar a raibh fleisc-am, comhroinnt oibre, sosanna gairme agus saoire le linn na bliana. Tá an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) neadaithe laistigh den eagraíocht le tamall anuas agus úsáidtear é le bainistiú a dhéanamh ar gach gné d'fheidhmíocht na foirne.

In éineacht lena gcuireann siad le hobair na heagraíochta, tá a lán d'fhoireann an ÚCM rannpháirtíoch i ngníomhaíochtaí pobail agus deonacha lasmuigh den eagraíocht. Ach go háirithe tá baill foirne i ngach oifig atá againn tar éis deis a ghlacadh go traidisiúnta le féile na Nollag a mharcáil trí dheonú i dteannta a chéile do charthanachtaí ainmnithe.

I rith 2010 bhí an ÚCM rannpháirteach sa scéim Job Shadow[1] mar chuid dá thionscnaimh mhíchumais ag a oifigí i Ros Comáin agus i mBaile Átha Cliath. Bhí an t-aiseolas ón tionscnamh seo an-dearfach.

Bhíomar rannpháirteach freisin sa chlár Willing, Able and Mentoring (WAM)[2]. Soláthraíodh ionadú sé mhí do chéimithe faoi mhíchumas a eagraíodh tríd an gCumann Ardoideachais, Rochtana agus Míchumais (AHEAD).

1. Is tionscadal náisiúnta é an Tionscnamh Job Shadow a fheidhmíonn Cumann na hÉireann d'Fhostaíocht faoi Thacaíocht (IASE) a ceapadh le daoine faoi mhíchumas a thabhairt le chéile le fostóirí áitiúla ar bhonn comhoibrithe le cur ar chumas chuardaitheoirí poist saol na hoibre a iniúchadh.
2. ~~Cuireann c~~lár WAM (Willing Able Mentoring), atá maoinithe ag FÁS, rochtain príomhshrutha chun cinn ar mhargadh saothair na hÉireann do chéimithe atá faoi mhíchumas.

CUSPÓIR 7: Rialachas Corparáideach

Go mbíonn na struchtúir agus na próisis ann lena chinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht a feidhmeanna i dtimpeallacht a léiríonn caighdeáin iomchuí rialachais chorparáideacha, bainistíochta agus rialú airgeadais.

CREAT RIALACHAIS AGUS RIALÁLA FORIOMLÁN

Tá an Chreat Rialachais agus Rialála foriomlán laistigh den ÚCM faoi threoir ag An tAcht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006, moltaí *Thuarascáil an Mheithil ar Fhreagracht Ard-Rúnaithe agus Oifigeach Cuntasachta (Tuarascáil Mullarkey)*, Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí agus Cód Iompraíochta do Rialachas chomhlachtaí Stáit a d'eisigh an Roinn Airgeadais.

Caithfidh an tÚdarás a bheith sásta go bhfuil na struchtúir agus na próisis iomchuí ann lena chinntiú go mbíonn ar a gcumas, go hoibiachtúil agus go héifeachtach, measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú na bainistíochta agus na heagraíochta.

Tá freagracht ar an Údarás maidir le gach dualgas reachtúil a bhaineann leis an ÚCM a chomhlíonadh.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Údarás as feidhmiú a d(h)ualgais agus as pé eolas a sholáthar dó a bhaineann le feidhmíocht na bhfeidhmeanna sin a bheadh de dhíth ar an Údarás ó am go chéile. Is é an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasachta agus atá sa cháilíocht sin freagrach don Oireachtas maidir le gach maoiniú a vótáiltear don Údarás Clárúcháin Maoine le seirbhísí a sholáthar. Caithfidh an tOifigeach Cuntasachta cuntas ar chaiteachas agus fáltais, ar a dtugtar Cuntas Leithghabhála, a ullmhú ar bhonn bliantúil agus an cuntas sin a chur faoi bhráid an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tháinig an tOifigeach Cuntasachta os comhair an Choiste um Chuntas Phoiblí i mí Feabhra 2010 le fianaise a thabhairt ar an gCuntas.

Is iad seo a leanas príomheilimintí an Chreata Rialachais:

Coiste Iniúchóireachta

Tá an Coiste Iniúchóireachta, ar a bhfuil roinnt de na baill ó lasmuigh den ÚCM, in éineacht le beirt bhall den Údarás agus ball den fhoireann, ann ó 2007. Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú agus measúnú ar shaothar An tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí. Déanann an Coiste athbhreithniú freisin ar chur chuige an ÚCM maidir le Bainistíocht Riosca. Tionóladh ceithre chruinniú den Choiste Iniúchóireachta in 2010.

An tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí
Déanann An tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí iniúchtaí thar réimse gníomhaíochtaí an ÚCM, ar a n-áirítear airgeadas, feidhmiú agus rialachas. Críochnaíodh dhá iniúchadh déag in 2010. Cuireadh gach tuarascáil faoi bhráid an Oifigigh Chuntasachta agus an Choiste Iniúchóireachta.

Bainistíocht Riosca
Coimeádtar Clár Riosca ar bhonn leanúnach de réir treoirlínte na Roinne Airgeadais. Ceapadh an clár a choimeád lena chinntiú go n-aithnítear rioscaí agus go ndéantar iad a mheas agus go nglactar na gníomhaíochtaí riachtanacha maolaithe, nuair a cheadaíonn na hacmhainní a leithéid.

Cuireann an tArdbhainistíocht an Clár Riosca le chéile agus cuirtear faoi bhráid bhaill an Údaráis ar bhonn ráithiúil é le faomhadh a dhéanamh air.

Cosaint Sonraí
Cláraíonn an tÚdarás Clárúcháin Maoine mar Rialaitheoir Sonraí le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar bhonn bliantúil faoi mar a éilíonn an dlí é.

Is é atá i bpolasaí Cosanta Sonraí an ÚCM tacar treoirlínte don fhoireann bunaithe ar na 8 Riail Chosanta Sonraí lena chinntiú go gcomhlíontar Achtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar an bpolasaí ar bhonn leanúnach

Soláthar
Tá gach gníomhaíocht soláthair faoi threoir ag na Treoirlínte agus Polasaithe maidir le Soláthar Poiblí foilsithe ag an Roinn Airgeadais. Tá creat ann do nósanna imeachta soláthair ar a n-áirítear leithscaradh dualgas, tuairisciú rialta bainistíochta agus córas údaraithe caiteachais. Lorgaítear cead foirmeálta ón Roinn Airgeadais maidir le gach caiteachas os cionn tairsí comhaontaithe.

Tuairisciú Airgeadais

Tá córas cuimsitheach do Thuairisciú Airgeadais sa ÚCM:

- Soláthraíonn an Príomhfheidhmeannach forbhreathnú airgeadais do bhaill an Údaráis ar bhonn míosúil.
- Cuirtear tuarascálacha foirmeálta ar fhíorchaiteachas de réir buiséide faoi bhráid an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí agus an Roinn Airgeadais ar bhonn míosúil.
- Cuirtear tuairisceáin ar ioncam Táille a fhaightear chuig an Státchiste in aghaidh na seachtaine.
- Ullmhaítear an Cuntas Leithghabhála Bliantúil agus cuirtear faoi bhráid an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste é.
- Soláthraítear tuarascálacha iomchuí agus tráthúil ina mbíonn faisnéis Airgeadais agus neamhAirgeadais don Ardbhainistíocht.

Le bainistíocht leanúnach ar chaiteachas in 2010 baineadh laghdú amach ar chaipiteal reatha agus ar chaiteachas araon.

COMHLÍONADH REACHTAÍOCHTA

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

Bunaíodh an tÚdarás Clárúcháin Maoine faoin Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha an Achta sin. Tá nósanna imeachta ann lena chinntiú go gcomhlíonann baill an Údaráis agus foireann an ÚCM, a bhfuil postanna ainmnithe acu, forálacha An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001. Ina theannta sin, de réir an Chóid Iompair i nGnó do bhaill údaráis, cláraíonn baill An tÚdarás Clárúcháin Maoine a leas i ngnóthais eile leis an Rúnaí nuair a cheaptar iad.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

Tá an ÚCM tiomanta dea-bhail a fhostaithe a chinntiú trí láthair shábháilte oibre a choimeád agus leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 a chomhlíonadh chomh maith leis na cóid chleachtais agus na treoirlínte iomchuí nuair is cuí. Tagann Coiste lárnach Sláinte agus Sábháilteachta an ÚCM le chéile go rialta i rith na bliana agus tá Coistí áitiúla Sláinte agus Sábháilteachta in oifigí Phort Láirge agus Ros Comáin. Déanann na coistí seo monatóireacht ar shláinte agus sábháilteacht laistigh den ÚCM agus spreagann siad feasacht sábháilteachta agus cosc timpistí san eagraíocht. Bíonn an ÚCM rannpháirteach freisin i Líonra Bainistíochta Riosca i Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde do Ghníomhaireachtaí Stáit. Is é is cuspóir don Líonra cur le feabhsú leanúnach na bainistíochta ar riosca i sábháilteacht agus sláinte cheirde in údaráis Stáit.

CUSPÓIR 8: Luach ar Airgead

Is cuspóir follasach i bpolasaí an Rialtais é luach ar airgead. Éilíonn sé go gcinntíonn gach réimse den tseirbhís phoiblí go mbíonn feabhas ar éifeacht, freagracht agus trédhearcacht i gcaiteachas poiblí.

Tá an ÚCM tiomanta polasaí an Rialtais a chur i bhfeidhm sa réimse a bhaineann le Luach ar Airgead. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Údarás as a f(h)eidhmíocht ina thaobh sin. Tá an Príomhfheidhmeannach, mar Oifigeach Cuntasachta, freagrach freisin don Oireachtas as Luach ar Airgead a chinntiú.

Tá luach ar airgead á bhaint amach ag an ÚCM ar bhonn leanúnach:

- Don dara bliain as a chéile tá an tÚdarás Clárúcháin Maoine tar éis glanchaiteachas a laghdú 13% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Ba é €35m an caiteachas iarbhír ón Vóta ÚCM do 2010 (seachas €40.2m do 2009 – laghdú 13%). Díol suntais é gur tháinig laghdú 24% ar ghlanchaiteachas ó 2008 (ba é €46.2m caiteachas 2008).
- Den tsuim ghlan €35m a caitheadh, caitheadh €26.8m ar Thuarastail – i rith 2010, tháinig laghdú €3.2m nó 11% ar chaiteachas ar thuarastail agus ar ragobair le linn 2009.
- Ba é €2.4m an Caiteachas Caipitil do 2010, seachas €4.4m do 2009 (laghdú €2m).

Is eagraíocht próiseasthiomáinte agus dírithe ar thorthaí é an ÚCM atá tiomanta deireadh a chur le cur amú agus le dúbláil, agus a chomhlíonann a fheidhmeanna reachtúla ar bhealach éifeachtach ag an am gcéanna agus a thugann seirbhís den scoth dár gcustaiméirí.

FÓRAM TRASFHOIRMITHE

Cuireadh moltaí Phlean Gníomhaíochta an ÚCM faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2011-2014 faoi bhráid an Fhóraim Trasfhoirmithe atá tógtha as eilimintí comhdhéanta na Comhpháirtíochta – an fhoireann, na ceardchumainn agus an bhainistíocht. Bhí dhá chruinniú ag an bhFóram im 2010, ar an 13ú Deireadh Fómhair agus ar an 10ú Samhain agus aontaíodh ar an bPlean Gníomhaíochta agus tosaíodh ar é a chur i bhfeidhm.

Bhí ceisteanna a bhain le caidreamh tionsclaíoch ann go luath in 2010 ar fud na Státseirbhíse ag áireamh an ÚCM, ag éirí as cinntí an Rialtais ar phá agus phinsin na Seirbhíse Poiblí.

CUSPÓIR 9: Dílárú

Athlonnú a dhéanamh ar chuid de chúram an Údaráis go dtí Ros Comáin de bhun chlár dhíláraithe an Rialtais.

Bhí Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), in éineacht leis an ÚCM freagrach as oifig nua saintógála a sholáthar don ÚCM ag Bóthar an Mhachaire Ghailf, Ros Comáin. Críochnaíodh obair thógála ar struchtúr an fhoirgnimh féin i Samhain 2010 agus tugadh na hoifigí ar lámh don ÚCM i mí na Nollag 2010. Beidh an foirgneamh ullamh le seilbh a ghlacadh air i lár mhí Eanáir 2011.

Oifigí an ÚCM i ros Comáin

Faoi chlár díláraithe an Rialtais a fógraíodh in 2003, bhí timpeall trian d'fhoireann an ÚCM le hathlonnú chuig oifig nua i mbaile Ros Comáin. Tá líon foriomlán na foirne sa ÚCM tar éis laghdú ó shin go dtí timpeall 586 ag deireadh 2010 le 75 d'fhoireann an ÚCM in oifig shealadach i mBóthar an Chlochair, Ros Comáin. Is iad na hoifigigh seo a athlonnóidh ar dtús chuig an bhfoirgneamh nua.

Beidh tionchar ag roinnt fachtóirí ar an scála ama le foireann bhreise a shannadh chuig oifig Ros Comáin, ar a n-áirítear:

- laghdú foriomlán ar líon na foirne ar fud na Seirbhise Poiblí agus laghdú ar leith ar líon foirne sa ÚCM, faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta (ECF) a leag an Roinn Airgeadais amach
- an moratorium ar earcú agus ardú céime sa tseirbhís phoiblí agus
- deacracht maidir le foireann de ghrád iomchuí atá tar éis deonú go n-aistreofaí iad a shannadh

Déantar an fhoireann a sannadh, ar bhonn deonach, chuig oifigí díláraithe trí phróiseas ar a dtugtar "An Lárshaoráid Iarratas" (CAF). Bíonn an tsaoráid seo ag feidhmiú go lárnach tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) agus clúdaíonn sí gach tionscnamh tríd an Rialtas.

Leanann an ÚCM ag obair leis an Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus leis an Roinn Airgeadais le foireann bhreise a shannadh chuig a oifig nua i Ros Comáin.

.

CUSPÓIR 10: Bainistíocht Fhoirgneamh

Cóiríocht iomchuí a sholáthar don eagraíocht.

Faoi mar a dúradh san imlíne a tugadh roimhe seo sa tuarascáil seo, críochnaíodh obair thógála ar na hoifigí nua a tógadh le sainchuspóir don Údarás Clárúcháin Maoine (ÚCM) i Samhain 2010. Athlonnóidh an fhoireann chuig na hoifigí seo go luath in 2011.

Dearadh agus tógadh an foirgneamh de réir na gcaighdeán is airde agus bunaithe ar an leas is fearr a bhaint as prionsabail fuinnimh inbhuanaithe. Baineann sé an leas is fearr as an dearadh agus an teicneolaíocht atá chun tosaigh maidir le teas a choimeád agus aerú, agus é inslithe de réir na gcaighdeán is airde agus áis shofaisticiúil athchúrsála uisce ann freisin.

Ina theannta sin, i dtéarmaí teicneolaíochta, tá sé deartha arís de réir na gcaighdeán is airde leis an leas is fearr a bhaint as an infheistíocht shubstaintiúil i dteicneolaíocht a rinne an ÚCM le blianta beaga anuas.

Déanadh ollchóiriú substaintiúil ar áitreabh oifige an ÚCM i Sráid na Seansaireachta in 2010. Áiríodh ar seo athdhearadh iomlán ar sheirbhís chuntair an phobail i Sráid na Seansaireachta, a bhí ar cheann de na háiteanna a sonraíodh mar thosaíocht mar chuid den athbhreithniú agus den atheagrú in oifigí Bhaile Átha Cliath. Cheadaigh an t-athbhreithniú seo athlonnú foirne agus rinne sé éascú ar chóiríocht oifige a ghéilleadh i gcoimpléacs Ionad Setanta don OOP go mbainfí úsáid eile as a chabhraigh arís le soláthar costéifeachtachta seirbhísí do chustaiméirí agus seirbhísí cuntair phoiblí ach go háirithe. Leanfar le clár pleanáilte cothabhála do Sráid na Seansaireachta i rith 2011 lena chinntiú gur féidir linn seirbhísí oiriúnacha agus éifeachtacha a sholáthar dár gcustaiméirí.

Ó na 1980dí, tá trádstóras fairsing de dhoiciméid coimeádta ag an ÚCM i Seantrabh, Baile Átha Cliath, mar a gcoimeádtar formhór na dtaifead stairiúla páipéir. Roinntear an tsaoráid leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an Roinn Coimirce Sóisialaí. I rith 2010, bhí an ÚCM i mbun gníomhaíochta le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW), atá freagrach as an gcoimpléacs foriomlán i Seantrabh, maidir le leithdháileadh agus feistiú breis spáis le freastal ar riachtanais stórála an ÚCM ó 2012 ar aghaidh. Ceaptar go réiteofar an cheist seo mar cheist tosaíochta i rith 2011.

Tuarascáil Airgeadais – Achoimre 2010

Táillí

Fuair an tÚdarás Clárúcháin Maoine táillí de €30.4m in 2010 seachas €40m in 2009. Ba laghdú €9.6m nó 24% é seo ar 2009.

Déantar gach táille a bhailíonn an tÚdarás Clárúcháin Maoine a tharchur chuig an Státchiste ar bhonn leanúnach. Ar an mbonn sin, deánadh os cionn €30M a tharchur díreach chuig an Státchiste in 2010.

Is é atá anseo a leanas achoimre 10 mbliana ar tháillí a fuair an tÚdarás Clárúcháin Maoine. Faoi mar a ceapadh, tá éagsúlacht ag baint leis na táillí a bailíodh de réir léibhéal na n-idirbheart sa mhargadh réadmhaoine i rith na bliana sin.

TÁILLÍ A FUARTHAS ACHOIMRE 10 MBLIANA



Glanchaiteachas

Tá an tÚdarás Clárúcháin Maoine, agus é ag comhlíonadh a shainordú, maoinithe go díreach ag an Státchiste i bhfoirm leithdháilte bhliantúil de Chaiteachas a Vótáladh.

Don dara bliain as a chéile is féidir a thuairisciú go bhfuil an tÚdarás Clárúcháin Maoine tar éis glanchaiteachas a laghdú 13% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Ba é €35m an caiteachas iarbhír ón Vóta ÚCM do 2010 (seachas €40.2m do 2009 – laghdú 13%). Díol suntais gur tháinig laghdú 24% ar ghlanchaiteachas ó 2008 (ba é €46.2m caiteachas 2008).

Den ghlansuim de €35m a caitheadh, caitheadh €26.8m ar Thuarastail; is ionann seo agus 77% de gach caiteachas. Ina theannta sin, i rith 2010, tháinig laghdú €3.2m nó 11% ar chaiteachas ar thuarastail agus ar ragobair thar 2009.

Ba é €32.6 an Glanchaiteachas Caipitil do 2010, seachas €35.8m do 2008 (laghdú €3.2m).

Ba é €2.4m an Caiteachas Caipitil do 2010, seachas €4.4m do 2009 (laghdú €2m).

CAITEACHAS GLAN ACHOIMRE 10 MBLIANA



Costais Chionroinnte

In éineacht leis na costais a bhain go díreach leis an Údarás Clárúcháin Maoine, caithfear féachaint ar chostais eile a bhain le Ranna agus oifigí eile, d'fhonn pictiúr foriomlán a thabhairt den chostas a bhaineann le bainistiú An tÚdarás Clárúcháin Maoine. Nuair a áirítear na costais chionroinnte seo a leanas:

- €3.7 m faoi Vóta 7 – Aoisliúntais agus Liúntais ar Scor
- €2.3m faoi Vóta 10 - Oifig na nOibreacha Poiblí
- €0.3m faoi Vóta 19 – Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais
- €3.4m measchíosa ar réadmhaoin ar leis an Stát é

mhéadaigh an caiteachas iomlán in 2010 go dtí €44.7m (2009 €51.4m). Bhí laghdú foriomlán ar chostais 2009 de €6.7m (nó 13%).

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Is polasaí ag an Údarás Clárúcháin Maoine é déanamh go hiomlán de réir théarmaí An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997.

Tá nósanna imeachta ag an Údarás Clárúcháin Maoine lena chinntiú go n-íoctar gach sonrasc laistigh de theorainn ama reachtúil. Cé gur ceapadh na nósanna imeachta le comhlíonadh leis an Acht a chinntiú, ní thugann siad ach deimhniú réasúnta seachas iomlán ar neamhchomhlíonadh ábhartha leis an Acht.

In 2010 níor bhain pionós as íocaíocht dhéanach ach le 10 gcinn de na 2,352 sonrasc a próiseáladh. Ba é €29,182 luach iomlán na sonrasc a íocadh go déanach. Is ionann seo agus 0.3% de na híocaíochtaí iomlána a thagann faoi théarmaí na Rialachán. Íocadh €60 ar fad in ús ar íocaíochtaí déanacha i rith 2010.

Iniúchadh Seachtrach

Tá roinnt meicníochtaí eile ann le cáilíocht ghníomhaíochtaí agus sheirbhísí an ÚCM a dhearbhú agus a dheimhniú. Áirítear orthu seo:

CEISTEANNA PARLAIMINTE

Fuarthas 466 ceist ó bhaill an Oireachtais agus déileáladh leo trí r-phost i rith 2010.

Chuir baill den Oireachtas 26 Ceist Pharlaiminte síos agus déileáladh leo i rith 2010.

Fuarthas 28 litir/uiríoll ó TDanna agus Seanadóirí agus déileáladh leo i rith 2010.

OIFIG AN OMBUDSMAN

Fuarthas 9 litir ó Oifig an Ombudsman a bhain le gearáin in 2010.

NÓS IMEACHTA LE GEARÁIN A DHÉANAMH

Fuarthas 8 ngearán foirmeálta i rith 2010 agus déileáladh leo faoi Nós Imeachta le Gearáin a Dhéanamh an ÚCM.

Oifigigh an ÚCM ag fáil an dámhachtana eRialtais ó Eamonn Gilmore, Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Tionscnaimh Idirnáisiúnta

Bíonn foireann an ÚCM rannpháirteach i roinnt comhlachtaí iomchuí idirnáisiúnta lena chinntiú go gcuirtear polasaithe agus tosaíochtaí na heagraíochta ar cheisteanna tábhachta i láthair a mbeadh tionchar acu ar chlárú talún agus ar riaradh talún go ginearálta. Soláthraíonn rannpháirtíocht deis coimeád cothrom le dáta le forbairtí agus treochtaí idirnáisiúnta maidir le Riaradh Talún, ar a n-áirítear seirbhísí a sholáthar do chustaiméirí ar bhealach níos éifeachtaí. Soláthraíonn cainteanna agus caidreamh le comhlachtaí iomchuí idirnáisiúnta ardán tábhachtach freisin le smaointe a roinnt agus le tuiscint a fháil ar an dul chun cinn a déanadh laistigh den AE agus sa phobal níos leithne idirnáisiúnta.

SEIRBHÍS EOLAIS TALÚN NA hEORPA (EULIS)

Tá forbairt chóras TFC den scoth le blianta beaga anuas tar éis a chur ar chumas an ÚCM a bheith rannpháirteach i bhforbairtí idirnáisiúnta mar EULIS. Is tionscnamh ag údaráis éagsúla clárúcháin ar fud na hEorpa é EULIS le rochtain trasteorann a sholáthar ar a mbunachar sonraí agus a seirbhísí leictreonacha. (www.eulis.eu)

Soláthraíonn seirbhís EULIS rochtain iontaofa, díreach agus éasca do chustaiméirí gairmiúla chlárlann na talún mar bhainc, iasachtóirí eile, aturnaetha, gníomhairí eastáit, cuardaitheoirí dlí agus údaráis phoiblí ar eolas talún agus maoine i mballtíortha na hEorpa. Is féidir le custaiméirí na hÉireann rochtain a fháil ar EULIS trína gcuntas landdirect.ie .

I ndiaidh chomhaontaithe le Coimisiún an AE in 2009 feidhmeoidh Seirbhís Eolais Talún na hEorpa (EULIS) mar nasc le heolas chláir talún san AE agus na heilimintí iomchuí den tairseach nua don cheartas á cur beo ar fud na hEorpa sna blianta atá romhainn. Dá réir sin tá caidreamh gníomhach ag EULIS le clárlanna talún eile na hEorpa lena seirbhís a nascadh agus tionóladh cainteanna le roinnt údarás náisiúnta ina thaobh seo.

Ag leanúint ar aghaidh ó iarratas ar éirigh leis ar mhaoiniú ó Choimisiún na hEorpa faoi chlár Ceartas Sibhialta an Choimisiúin, tá balltíortha EULIS i mbun sonraithe ar an ailtireacht theicniúil agus na riachtanais fheidhme is gá do EULIS 2.0 a sholáthróidh an príomh-idirbhealach atá riachtanach do chomhlíonadh agus do chomhoibriú le forbairtí na tairsí don cheartas. Is é an tÚdarás Clárúcháin Maoine an eagraíocht reatha urraíochta don phacáiste oibre as a dtiocfaidh forbairt an infreastruchtúir theicniúil agus an phróisis forbartha iarratais. Ceaptar go gcuirfear seo i bhfeidhm sa dara leath de 2012.

CUMANN CHLÁRLANN TALÚN NA HEORPA (ELRA)

Is í bunaidhm do Chumann Chlárlann Talún na hEorpa (ELRA) forbairt a dhéanamh ar thuiscint ar ról chlárú talún i maoin réadach agus margaí caipitil i mBallstáit an AE. Déanann ELRA iarracht ar chomhthuiscint a chur chun cinn ar na córais éagsúla Chlárlaithe Talún sna Ballstáit agus soláthraíonn sé fóram an-áisiúil do phlé agus eolas a roinnt ar fhorbairtí i gClárú Talún ar fud na hEorpa. Tá ról suntasach aige freisin maidir le baill a choimeád ar an eolas maidir le forbairtí iomchuí ag leibhéal an AE.

Ó cruthaíodh é i 2004, tá an ELRA tar éis fás go tapaidh, agus faoi láthair is é atá sa bhallraíocht ná 24 cumann ag tabhairt ionadaíochta do Chlárlanna Talún ó 20 Ballstát AE.

COIMISIÚN EACNAMAÍOCHTA NA NÁISIÚN AONTAITHE DON EORAIP (UNECE) – MEITHEAL OIBRE AR RIARADH NA TALÚN (WPLA)

Bunaíodh an Meitheal Oibre ar Riaradh na Talún ag UNECE, atá lonnaithe i nGinéiv na hEilvéise, i 1999 le riaradh talún a chur chun cinn trí dhaingneacht tionachta, forbairt a dhéanamh ar mhargaí eastáit réadaigh agus nuachóiriú a dhéanamh ar chórais chláraithe talún i dtíortha trasdula.

Líonra éifeachtach oifigeach riartha na talún san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh atá san WPLA anois. Feidhmíonn sé trí shaineolaithe neamhspleácha a chur chuig tíortha ECE le comhairle a thabhairt ar pholasaí agus moltaí a dhéanamh ar chláir náisiúnta ar fhorbairt an mhargaidh talún agus clárú eastát réadach.

I rith 2009, mhol an WPLA go ndéanfaí forbairt ar bheart idirnáisiúnta tagarmharcála. Ba mhian le WPLA príomhtháscairí a bhunú do chomparáid bailí thar réimse iomlán gníomhaíochtaí clárúcháin i ngach dlínse. Tá sé ar intinn freisin go gcabhródh na sonraí seo leis an mBanc Domhanda cur chuige níos suntasaí agus níos cruinne a fhorbairt maidir leis an tuarascáil Doing Business atá aige mar a ndéanann sé tagarmharcáil ar an bpróiseas tíolactha in 180 dlínse. D'iarr biúró ó WPLA ar an ÚCM ceistneoir a ullmhú ar thagarmharcáil agus cabhrú leis le príomhtháscairí a fhorbairt do thagarmharcáil. Leanann an ÚCM ag cabhrú le WPLA ina thaobh seo.

INSPIRE

Is aidhm do Threoir 2007/2/EC INSPIRE ó Pharlaimint na hEorpa buneagar d'fhaisnéis spásúlachta a chruthú don Aontas Eorpach (AE). Tháinig an treoir i bhfeidhm ar an 15ú Bealtaine 2007 agus cuirfear i bhfeidhm i gcéimeanna éagsúla é, le feidhmiú iomlán ag teastáil faoi 2019.

Ceadóidh INSPIRE, a trasuíodh i nDlí na hÉireann ar an 1ú Lúnasa 2010 roinnt an bhuneagair d'fhaisnéis spásúlachta ar eagraíochtaí na hearnála poiblí agus éascú a dhéanamh ar rochtain an phobail ar fhaisnéis spásúlachta ar fud na hEorpa. Fágadh faoin Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil é treoir INSPIRE a chur i bhfeidhm in Éirinn. Tá an ÚCM, mar cheann de na hEagraíochtaí le Sainordú Dlíthiúil (LMO), gníomhach i mbun na Treorach a chur i bhfeidhm agus déanfaidh sé go hiomlán de réir gach riachtanas reachtúil ag cinntiú go mbaintear amach sceidil soláthair INSPIRE.

LÍONRA CEATHAIRSHLEASÁN NA gCEITHRE CHLÁRLANN

Le roinnt blianta bhí cruinnithe ar siúl ar bhonn débhliantúil idir ionadaithe na gcomhlachtaí cláraithe talún do Shasana agus an Bhreatain Bheag, Albain, Tuaisceart Éireann agus an ÚCM le plé agus iniúchadh a dhéanamh ar réimse ceisteanna a bhí acu i bpáirt. Ó bunaíodh é cuireadh roinnt foghrúpaí le chéile le dul i gcomhairle leo agus le tuairisc a fháil ar cheisteanna éagsúla ar a n-áirítear treochtaí gnó agus leibhéil ghníomhaíochta, tíolacadh/clárú leictreonach, tagarmharcáil, aistriú airgid go leictreonach, slándáil na gcóras agus forbairtí eile.

ELRA
European Land Registry Association

eulis
EUROPEAN LAND INFORMATION SERVICE

Aguisíní

AGUISÍN 1:

Achoimre Airgeadais

Ráiteas Caiteachais	2010 €000	2009 €000
Tuarastail agus Pá	26,831	30,020
Taisteal agus Cothabháil	97	96
Cúiteamh	167	282
Suirbhéireacht Ordanáis	3,589	4,023
Oiliúint	144	159
Glanadh	391	423
Ilghnéitheach	255	307
Táillí an Údaráis agus an Choiste Iniúchóireachta	127	133
Post	396	500
Cuideachtaí Teileachumarsáide	535	533
TF Reatha	1,172	1,327
Caipiteal TF	1,493	2,528
Innealra agus Soláthar Oifige	339	242
Cothabháil Oifige	536	507
Solas agus Teas	243	266
Troscán Oifige	53	5
Comhairleoireacht	33	28
Glanchaiteachas Iomlán (Vóta 23)	**36,401**	**46,206**
Lúide Tobhaigh Phinsin	(1,401)	(1,182)
Glanchaiteachas (Vóta 23)	**35,000**	**40,197**

Tabhair faoi deara gur figiúirí sealadacha iad seo agus iad faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

AGUISÍN 1 AR LEAN

Táillí Bailithe ag an ÚCM

	2010 €000	2009 €000
Táillí Chlárlann na Talún	28,646	37,036
Táillí Chlárlann na nGníomhas	1,733	2,853
Táillí Bunchíosa	83	87
Iomlán na dTáillí	**30,462**	**39,976**

Costais Foirne agus Líon na bhFostaithe

	2010	2009
Foireann ag freastal ag deireadh Bliana	586	616
	€000	**€000**
Pá	24,932	28,224
Liúntais dhualgais níos airde, speisialta nó breise	-	40
Liúntais eile	75	92
Ragobair	480	164
ÁSPC an Fhostóra	1,344	1,500
Costais Iomlán na Foirne	**26,831**	**30,020**

AGUISÍN 1 AR LEAN

Ráiteas ón Oifigeach Cuntasachta ar Rialú Inmheánach Airgeadais

FREAGRACHT AS AN GCÓRAS DO RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Mar Oifigeach Cuntasachta aithním go bhfuil freagracht orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach ann do rialú inmheánach airgeadais, a choimeádann agus a fheidhmíonn an tÚdarás Clárúcháin Maoine. Tugtar feidhm don fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus na ndualgais eile a bhíonn orm mar Phríomhfheidhmeannach. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras do rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta seachas iomlán a thabhairt go mbíonn sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart agus go gcuirtear cosc le botúin ábhartha nó mírialtachtaí nó go n-aimsítear iad in am cuí. Is próiseas leanúnach é an córas do rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeacht.

Is mar seo a leanas atá an riocht maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an chreat do ghnásanna riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

TIMPEALLACHT RIALAITHE AIRGEADAIS

Deimhním gur ann do thimpeallacht rialaithe airgeadais ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- go bhfuil freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta le freagracht dá réir
- go bhfuil socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta
- go bhfuil gnásanna foirmeálta leagtha síos le tuairisciú a dhéanamh ar theip suntasach rialaithe agus a chinntíonn gníomhú iomchuí ceartaitheach.

Ina theannta sin, tá coiste iniúchóireachta bunaithe le comhairle a chur orm agus mé i mbun mo dhualgais maidir leis an gcóras do rialú inmheánach airgeadais.

AGUISÍN 1 AR LEAN

RIALUITHE RIARACHÁIN AGUS TUAIRISCIÚ BAINISTÍOCHTA

Deimhním gur ann do chreat gnásanna riaracháin agus do thuairisciú rialta bainistíochta, ar a n-áirítear leithscaradh ar dhualgais agus córas tarmligin agus freagrachta, go háirithe:

- gur ann do chóras iomchuí buiséadaithe le buiséad bliantúil a ndéanann an t-ardbhainistíocht athbhreithniú air
- go ndéanann an t-ardbhainistíocht athbhreithniú rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmiú airgeadais de réir na réamhaisnéis
- go mbíonn córas bainistíochta riosca ag feidhmiú laistigh den Údarás
- go bhfuil córais ann dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- gur ann do threoirlínte iomchuí do rialú infheistíochta caipitil agus disiplíní foirmeálta bainistíochta tionscadail.

INIÚCHÓIREACHTA INMHEÁNACH

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Údarás Clárúcháin Maoine, a fheidhmíonn de réir chairte scríofa, atá faofa agam. Tá a chuid oibre eolasaithe ag anailís ar na rioscaí airgeadais a bhíonn ann don Údarás agus bíonn a phleananna iniúchóireachta inmheánacha bliantúla bunaithe ar an anailís seo.

OIFIGEACH CUNTASACHTA

AN TÚDARÁS CLÁRÚCHÁIN MAOINE

AGUISÍN 2:
Ráiteas an Chathaoirligh de bhun an Chóid Chleachtais do Rialachas chomhlachtaí Stáit

Mar Chathaoirleach dearbhím/deimhním/cinntím

- go bhfuil gach nós iomchuí imeachta do thuairisciú airgeadais, iniúchóireacht inmheánach, taisteal, soláthar agus diúscairt sócmhainní ag feidhmiú
- gur ann do Chóid Chleachtais Gnó do Stiúrthóirí agus d'Fhostaithe agus go bhfuiltear ag déanamh dá réir
- go bhfuiltear ag comhlíonadh polasaí an Rialtais ar phá do Phríomhfheidhmeannaigh agus do gach fostaí i gcomhlacht Stáit
- go bhfuiltear ag comhlíonadh treoirlínte an Rialtais ar tháillí Stiúrthóra a íoc
- go bhfuiltear ag comhlíonadh na dTreoirlínte do Mheasúnú agus do Bhainistiú Moltaí ar Chaiteachas Caipitil san Earnáil Phoiblí
- go bhfuiltear ag comhlíonadh riachtanais pholasaí taistil an Rialtais ar gach bealach, agus
- gur glacadh le Cód Cleachtais agus go bhfuiltear á chomhlíonadh faoi réir é a bheith faofa ag an Údarás.



John T. Coleman

CATHAOIRLEACH

AN tÚDARÁS CLÁRÚCHÁIN MAOINE

AGUISÍN 3:

Sreabhadh Oibre Chlárlann na Talún – Gach Catagóir

Ag teacht le cleachtas idirnáisiúnta, agus le héascú a dhéanamh ar chomparáid cheart le dlínsí eile, tá achoimre i dTábla 1 thíos den ghníomhaíocht chásoibre fhoriomlán as ar déanadh athruithe ar chlár na talún:

Tábla 1

Bliain	2010	2009	2008
Athruithe ar an gclár	575,019	534,528	572,604

Chun críche comparáide léiríonn Tábla 2 miondealú ar na cineálacha éagsúla iarratais do 2010, 2009 agus 2008 ar an 31ú Nollaig.

Tábla 2

Cineál Iarratais	Bliain	Iontógáil	Aschur	Cásanna faoi cheist	Obair idir lámha
Iarratais ar Chlárúchán	2010 2009 2008	145,227 202,548 243,917	192,061 234,782 246,512	23,084 30,194 34,250	106,622 148,112 176,405
Scrúdaitheoirí agus Iarratais faoi Alt 49	2010 2009 2008	3,278 3,715 4,199	5,132 5,325 4,645	4,463 4,824 5,384	5,846 6,017 6,802
Iarratais Bhunchíosa	2010 2009 2008	1,050 1,222 1,656	1,071 1,484 1,620	618 746 813	279 187 434
Cásanna Choimisiún na Talún	2010 2009 2008	52 68 48	1,211 327 355	508 657 669	971 2,596 2,982
Plean Teidil & Cóipeanna Fóiliónna	2010 2009 2008	158,616 179,221 211,499	164,846 178,854 211,660	N/A	3,360 6,152 5,685
Faomhadh Mapa Scéime	2010 2009 2008	467 524 1,034	467 530 882	N/A 96 102	0 N/A 50
Cóip Ionstraimí	2010 2009 2008	7,066 7,942 10,619	6,344 9,030 10,420	N/A N/A 172	766 964 2,052
Cuardaigh Oifigiúla Mapa	2010 2009 2008	845 2,444 3,328	845 2,464 3,327	N/A	0 3 89

AGUISÍN 4:

Gníomhaíocht Mhapála Dhigitíl

Léiríonn Tábla 3 an leibhéal gníomhaíochta ar líne maidir lenár seirbhís Mapála Digití. Is í seo an chéad bhliain iomlán ar a bhfuil staitisticí ar fáil ar ghníomhaíocht. Is meicníochtaí malartacha iad cuid de na seirbhísí le cuardach a dhéanamh agus is seirbhísí nua cuid eile acu.

Tábla 3

2010	Seoladh a Chuardach	Cuardach Innéacsa Bhaile Fearainn/ Innéacsa Mapa	Amharcmhapa	Iomlán
Eanáir	15,680	31,134	38,974	85,788
Feabhra	20,716	39,592	44,987	105,295
Márta	20,212	41,566	49,368	111,146
Aibreán	17,340	34,942	45,966	98,248
Bealtaine	17,350	37,590	47,223	102,163
Meitheamh	17,418	33,680	46,627	97,725
Iúil	20,375	36,253	48,563	105,191
Lúnasa	19,568	39,116	50,456	109,140
Meán Fómhair	21,299	40,943	54,102	116,344
Deireadh Fómhair	18,650	39,190	51,099	108,939
Samhain	21,759	45,783	59,340	126,882
Nollaig	11,574	26,572	35,569	73,715
Iomláin	**221,941**	**446,361**	**572,274**	**1,240,576**

AGUISÍN 5:

Gníomhaíocht Bhunchíosanna

Tugtar achoimre i dTábla 4 thíos ar an leibhéal gníomhaíochta maidir leis an Scéim Ceannaithe Bunchíosanna a fheidhmíonn an ÚCM.

Tábla 4

	Bliain	Iontógáil	Aschur
Cásanna Eadrána	2010	601	575
	2009	683	872
	2008	830	1,025
	2007	989	1,062
Cásanna Toilithe	2010	449	496
	2009	539	612
	2008	826	595
	2007	757	798
Iomlán	**2010**	**1,050**	**1,071**
	2009	**1,222**	**1,484**
	2008	**1,656**	**1,620**
	2007	**1,746**	**1,914**

AGUISÍN 6:

Cruinnithe an Údaráis

Tionóladh seacht gcruinniú i rith 2010. Tugtar líon na gcruinnithe a tionóladh le linn bhallraíochta gach Ball den Údarás in 2010 agus líon na gcruinnithe ar ar fhreastal sé/sí i dTábla 5.

Tábla 5

Baill ag freastal in 2010	Cruinnithe a tionóladh le linn ballraíochta	Iomlán an fhreastail
John T. Coleman, Cathaoirleach	7	7
Denis A. Byrne	1	1
Seamus Carroll	7	6
Emer Daly	6	5
Michael Edwards	7	6
Michael Kelly	7	6
Paul McSweeney	6	6
Peter Savage	7	6
John Shaw	6	6
Roderick Tyrrell	7	6
Máire R. Whelan	7	6
Una Woods	7	5

Nótaí:

- Ceapadh John T. Coleman ar dtús mar bhall agus mar Chathaoirleach ar an Údarás ar an 27ú Bealtaine 2009 agus athcheapadh é mar bhall agus mar Chathaoirleach ar an 4ú Samhain 2010.
- Chríochnaigh Emer Daly agus John Shaw a dtéarma ceithre bliana oifige ar an 3ú Samhain 2010.
- Athcheapadh Máire R. Whelan agus Una Woods mar bhaill den Údarás i Samhain 2010
- Ceapadh Paul McSweeney mar bhall den Údarás ar an 16ú Feabhra 2010
- Ceapadh Denis A. Byrne mar bhall den Údarás ar an 17ú Samhain 2010
- Tá folúntas amháin ann ag deireadh 2010.

AGUISÍN 7:

Cruinnithe fochoiste

D'fhreastal baill den Údarás freisin ar roinnt cruinnithe fochoiste i rith 2010.

Tábla 6

	Coiste Iniúchóireachta		Dréachtrialacha & Treoracha Cleachtais		Dréachtphlean Straitéiseach 2010 -2012	
Baill	**Cruinnithe a tionóladh**	**Freastal**	**Cruinnithe a tionóladh**	**Freastal**	**Cruinnithe a tionóladh**	**Freastal**
John T. Coleman					1	1
Denis A. Byrne						
Seamus Carroll			2	0	1	1
Emer Daly	3	3			1	1
Michael Edwards			2	1		
Michael Kelly	4	3				
Paul McSweeney						
Peter Savage						
John Shaw						
Roderick Tyrrell						
Máire R. Whelan			2	2		
Una Woods			2	2		

Nótaí:

- Áirítear sa tábla seo gach ball den Údarás ar seirbhís i rith 2010
- Is é atá sa Choiste Iniúchóireachta ná baill den Údarás, triúr ó lasmuigh den ÚCM, agus ball foirne ón ÚCM.
- Is é atá sa bhfochoiste ar na Dréachtrialacha agus Treoracha Cleachtais ná triúr ball den Údarás agus roinnt ball foirne ón ÚCM.
- Is é a bhí sa bhfoghrúpa ar an Dréachtphlean Straitéiseach 2010 - 2012 ná triúr ball ón ÚCM agus tionóladh dhá chruinniú trí ghuthchomhdháil (ar an 17ú Nollaig 2009 agus ar an 12ú Eanáir 2010).

Táillí

Tá an táille bliantúil atá iníoctha le baill an Údaráis do 2010 de réir an ráta atá faofa ag an Aire Airgeadais mar seo a leanas:

- Cathaoirleach an Údaráis: €20,520 in aghaidh na bliana agus
- 9 ball den Údarás €11,970 in aghaidh na bliana.

I rith 2010 íocadh táillí de €127,149 le baill an Údaráis [in 2009 is €130,461 a bhí ann].

Ina theannta sin íocadh €4,311 ar Thaisteal agus Cothabháil le baill an Údaráis [in 2009 is €7,881 a bhí ann].

AGUISÍN 8:

Ballraíocht an Choiste Rialacha um Chlárú Gníomhas agus Teideal

Bunaíodh an Coiste Rialacha um Chlárú Gníomhas agus Teideal le hAlt 74 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006.

BALLRAÍOCHT AN CHOISTE AG DEIREADH BLIANA AR AN 31Ú NOLLAIG 2010

An Breitheamh Onórach Mary Laffoy, Breitheamh Ardchúirte (Cathaoirleach)
John T. Coleman, Cathaoirleach an ÚCM
Catherine Treacy, Príomhfheidhmeannach an ÚCM
James Dwyer, Abhcóide Sínsearach, ainmnithe ag Comhairle Ghinearálta Abhcóidí na hÉireann
Owen M. Binchy, Aturnae, ainmnithe ag Dlí-Chumann na hÉireann.

AGUISÍN 9:

Forbhreathnú ar úsáid Fuinnimh i bhfoirgnimh an ÚCM in 2010 (faoi mar a éilíonn I.R. Uimh. 542 de 2009)

Tá oifigí an tÚdarás Clárúcháin Maoine bunaithe i sé láthair éagsúil. I gceithre cinn de na láithreacha seo tá an foirgneamh á roinnt le tionónta eile. Is iad gás agus leictreachas is mó a úsáidtear mar bhreosla.

Ba é an úsáid iomlán fuinnimh d'fhoirgneamh atá in úsáid ag an Údarás Clárúcháin Maoine (lasmuigh den oifig atá suite i gcoimpléacs na gCeithre Chúirteanna) im 2010 ná:

1123.9 MWh Leictreachais
1163.7 MWh de Bhreoslaí iontaise

Ba é an úsáid iomlán fuinnimh do choimpléacs iomlán na gCeithre Chúirteanna in 2010 ná:

3729.14 MWh Leictreachais
2688.76 MWh de Bhreoslaí iontaise

Ní féidir faoi láthair a dhéanamh amach cén céatadán de seo a bhaineann le hoifigí an tÚdarás Clárúcháin Maoine atá suite i gcoimpléasc na gCeithre Chúirteanna.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ A GLACADH IN 2010

Bhí an feachtas le hOptamú a dhéanamh ar fhuinneamh ag an Obair ar siúl i dtrí cinn dár bhfoirgnimh i rith 2010. Tá feachtas leanúnach ar siúl i ngach foirgneamh le spreagadh a thabhairt don fhoireann trealamh oifige agus soilse a mhúchadh. Ar na gníomhaíochtaí eile a glacadh in 2010 áirítear:

- coirí nua suiteáilte i bhfoirgneamh amháin
- am tosaithe choire coigeartaithe
- soilse braite gluaiseachta suiteáilte i roinnt áiteanna
- laghdú ar théamh lasmuigh d'am oibre
- bolgáin spárála fuinnimh le vatacht níos ísle a chur in ionad bolgán úsáidte
- Cuireadh uisce scagtha príomhlíonra i ngach foirgneamh in ionad fuaraitheoirí uisce.

Shábháil na tionscnaimh seo 57.1 MWh ar fad i gcúig láthair de chuid an ÚCM lasmuigh de na hoifigí atá suite i gcoimpléasc na gCeithre Chúirteanna (Sráid na Seansaireachta).

AGUISÍN 9 AR LEAN

TIONSCNAIMH A BHFUILTEAR LE DUL INA MBUN IN 2011

Leanfar leis an bhfeachtas le hOptamú a dhéanamh ar fhuinneamh ag an Obair sna foirgnimh sin ina bhfuil sé bunaithe cheana féin. Déanfaidh foireann glas monatóireacht ar úsáid fuinnimh i ngach foirgneamh. Cuirfear an Feachtas i bhfeidhm in ár n-oifig i Sráid na Seansaireachta in 2011. Sna tionscnaimh eile ar féachadh orthu do 2011 áirítear an fhéidearthacht ar insliú a dhéanamh ar chomhlaí an choire-thí inár bhfoirgneamh i Loch Garman agus an fhéidearthacht a bhaineann le cur le húsáid soilsithe bhraite inár bhfoirgnimh eile. Ar a shon sin, de dheasca easpa acmhainní airgeadais ní dócha go gcuirfear na tionscnaimh seo chun cinn in 2011.

ROS COMÁIN – BÓTHAR AN MHACHAIRE GHAILF

Tógadh oifigí nua an ÚCM ar Bhóthar an Mhachaire Ghailf de réir na gcaighdeán éifeachta fuinnimh is airde. Áirítear orthu seo:

- dóire mhillíní adhmaid le teas a sholáthar le córas ola mar chúltaca
- grianphainéil úsáidte le huisce a théamh
- córas Soilsithe Bhraite
- Córas uathoibríoch aeraithe
- Monatóirí CO_2
- Bailiú uisce báistí do chóras scaoilte na leithreas



Ardnacrusha

Waterford City

AGUISÍN 10

Tionscadail Comhoibríochta Bainistíochta Punainne Maoine le Gníomhaireachtaí Stáit

Tábla 7

Gníomhaireacht	Tionscadal	Luach Poiblí
DAA plc	Tailte Aerfort na Sionainne	Tá Aerfort na Sionainne cláraithe anois mar an ghníomhaireacht iomchuí stáit
BSL	Tailte na Sionainne	Den chéad uair ó na 1950s nuair a dhilsigh an tAire ábhartha ag an am iad, tá na tailte a bhaineann le Stáisiún Ginte Ard na Croise cláraithe in ainm BSL mar chuid de Thionscadal Maoine BSL
SFADCO go Comhairle Contae an Chláir	Aistriú úinéireachta Bhaile na Sionainne	Aistriú formhór na maoine i mBaile na Sionainne chuig an údarás áitiúil cuí ag áisiú clárúcháin ar mhórán idirbhearta eile. Tá seo ar cheann de na hidirbhearta aonair is mó a cláraíodh riamh.
Comhairle Cathrach Phort Láirge agus ÚNB	Seachbhóthar Chathair Phort Láirge	Trí úsáid nuálach Nósmhaireacht ordaithe dílseachta idir ÚCM, Comhairle Cathrach Phort Láirge agus an ÚNB ghluais clárúchán na dtailte uile ábhartha a ceannaíodh go héigeantach ar aghaidh i ndiaidh a chéile gan aon mhoill.
UFT Éireann	Malgamú ar fhóiliónna ruílseacha Pháirc Tionsclaíochta na Tullaí Móire	Déanann áisiú ar laghdú ama a chaitheann UFT Éireann ar ualaí ar a chuid maoine a aithint agus cuirfidh luas faoin bpróiseas díolacháin láithreán.
Comhairle Cathrach Phort Láirge	Athrú ar ainm na bhfóiliónna uile atá cláraithe do Chomhairle Cathrach Phort Láirge	Déanann áisiú ar aithint maoine in úinéireacht chomhlachta stáit ar athraíodh a ainm le himeacht aimsire.

Teagmhálacha

An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Bunaíodh an tÚdarás Clárúcháin Maoine ar an 4ú Samhain 2006 le bainistiú agus rialú a dhéanamh ar Chlárlann na Talún agus Chlárlann na nGníomhas.

Clárlann na Talún
Sráid na Seansaireachta, Baile Átha Cliath 7, DX228
Fón: (01) 670 7500 nó Íosghlao 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n. - 4.30i.n.

Bóthar Chorcaí, Port Láirge, DX 44090
Fón: (01) 670 7500 nó Íosghlao 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30 r.n. - 4.30 i.n.

Clárlann na nGníomhas
Seoladh: Sráid Henrietta, Baile Átha Cliath 1, DX 199
Fón: (01) 670 7500 nó Íosghlao 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.00 r.n. - 4.30 i.n.

Bunchíosanna
Sráid na Seansaireachta, Baile Átha Cliath 7, DX 228
Fón: (01) 670 7500 nó Íosghlao 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30 r.n. - 4.30 i.n.

Seirbhísí trí mheáin na Gaeilge
Íosghlao 1890 333 004

www.prai.ie

Is é an leagan Béarla buntéacs na tuarascála seo.